NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Cur i bhfeidhm an churaclaim:

Treoir Mheasúnaithe do Churaclam na Bunscoile

Do gach bunscoil agus scoil speisialta

AN TREOIR NASCLEANÚNA

Cad é cúlra na treorach?

Brollach agus réamhrá

Cén fáth a ndéanaimid Measúnú?

Cuspóirí an Mheasúnaithe

Céard is Measúnú ar ardchaighdéan ann?

Saintréithe an Mheasúnaithe

Cad atá i gceist le Measúnú?

Próisis Mheasúnaithe agus cinnteoireacht

Conas a cheanglaíonn Measúnú le foghlaim agus teagasc laethúil?

An contanam Measúnaithe

Cé na Modhanna Measúnaithe is Mó a d'fhéadfadh a bheith úsáideach?

Modhanna Measúnaithe

Cad atá i gceist le dea-Mheasúnú go praiticiúil?

Eiseamláirí de Mheasúnú go praiticiúil

Cad iad na nithe ba chóir a chur san áireamh ag leibhéal na scoile uile?

Breithnithe scoile uile

Cad iad na príomhghnéithe atá sa treoir?

Sracfhéachaint ar an Measúnú



Clár an ábhair

	Liosta de Threoir Spotsolais	vi
	Brollach	1
1.	Réamhrá	02
2.	Cuspóirí an Mheasúnaithe	04
3.	Saintréithe an Mheasúnaithe	05
4.	Próisis Mheasúnaithe agus Cinnteoireacht	07
5.	An Contanam Measúnaithe	12
6.	Modhanna Measúnaithe	16
7.	Eiseamláirí de Mheasúnú go Praiticiúil	39
8.	Breithnithe Scoile Uile	56
9.	Breac-chuntas ar an Tacar Uirlisí don Mheasúnú Bunscoile	65
10.	Gluais	66
	Aguisín A: Sracfhéachaint ar an Measúnú	68



Liosta de Threoir Spotsolais

Spotsolas ar:	Lionsa bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh	6
	Faisnéis mheasúnaithe a léirmhíniú agus ciall a bhaint aisti	11
	Dul chun cinn	14
	Scóir mheasúnaithe de réir an noirm a léirmhíniú	34
	Úsáid éifeachtach a bhaint as measúnuithe de réir critéir	38
	Measúnú a dhéanamh ar an réimse láidreachtaí agus riachtanas sa rang	41
	Faisnéis agus foinsí measúnaithe a thriantánú	50
	Measúnú agus Intleacht Shaorga	58
	Measúnú a threorú i scoileanna	60
	Faisnéis mheasúnaithe a ghabháil agus a thaifeadadh	64



Brollach

Céim nua don oideachas i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta in Éireann atá i gceist le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile. Ina chroílár, tá fís chomhroinnte de pháistí mar 'daoine aonair atá uathúil, inniúil agus comhbhách' agus de mhúinteoirí mar 'gairmithe tiomanta, sciliúla agus gníomhaíocha'. Ailíníonn *Cur i bhFeidhm an Churaclaim: Treoir Mheasúnaithe do Churaclam na Bunscoile (2026)* le *Creatchuraclam na Bunscoile*, lena léirítear forbairtí curaclaim i ndáil le foghlaim, oideolaíocht, cumas gníomhúcháin agus ionchuimsiú, agus rud a chuireann le *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna (2007)* freisin.

Agus réimse de thacaíochtaí agus d'ábhair níos leithne á chomhlánú[1] agus i gcomhréir le forbairtí níos leithne ó *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* (2024) agus leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), tríd an treoir nuashonraithe seo léirítear gluaiseacht i dtreo cuir chuige níos freagrúla agus níos diongbháilte i leith measúnú. Cuirtear foghlaim, forbairt agus dul chun cinn páistí i gcroílár measúnaithe léi, agus é á aithint go bhfoghlaimíonn, go bhfásann agus go ndéanann páistí dul chun cinn ar bhealaí difriúla agus ar rátaí difriúla.

Maidir leis an mbéim a chuirtear ar ar chumas gníomhúcháin múinteoirí agus ar chumas gníomhúcháin páistí sa churaclam, tá impleachtaí aici ar an taithí a fhaightear ar an gcuraclam agus ar an dóigh a gcuirtear i bhfeidhm é, rud a fhágann go bhfuil gá le treoir lena dtacaítear le foghlaim ghairmiúil agus cinnteoireacht ar leibhéal áitiúil. Dá réir sin, níl an treoir seo beartaithe mar sheicliosta le haghaidh cleachtaidh, ach tá sí beartaithe mar threoir do mhúinteoirí chun úsáid a bhaint as measúnú ar bhealaí diongbháilte, solúbtha agus comhlántacha.

Tá roinnt caibidlí idirnasctha sa treoir seo:

- Caibidil 2: Le cuspóirí an mheasúnaithe cuidítear le múinteoirí díriú ar an bhfáth a dtugtar faoi mheasúnú
- Caibidil 3: Le saintréithe an mheasúnaithe déantar cur síos ar na gnéithe a bhaineann le measúnú éifeachtach
- Caibidil 4: Le próisis mheasúnaithe agus cinnteoireacht léirítear an dóigh a ndéantar measúnú go praiticiúil
- Caibidil 5: Leis an gContanam Measúnaithe léirítear an dóigh a gceanglaíonn measúnú le foghlaim agus teagasc laethúil.
- Caibidil 6: Le modhanna measúnaithe tairgtear tacaíocht phraiticiúil chun measúnú a chur i bhfeidhm go diongbháilte
- Caibidil 7: Le heiseamláirí léirítear measúnú go praiticiúil
- Caibidil 8: Le breithnithe scoile uile tairgtear treoir maidir le measúnú lastall den seomra ranga

Leis an treoir spotsolais, déantar iniúchadh níos doimhne ar ghnéithe roghnaithe den mheasúnú trí chuir chuige phraiticiúla, trí shamplaí ón seomra ranga agus trí spreagthaí machnaimh. Leis an treoir nascleanúna, soláthraítear naisc thapa chun cuidiú le múinteoirí agus ceannairí scoile an treoir is ábhartha dóibh a aimsiú ag am ar leith.

[1] Ar na tacaíochtaí agus ar na hábhair níos leithne áirítear Pleanáil Curaclaim Scoile Uile: Treoir le haghaidh gach Bunscoil agus Scoil Speisialta; Cur i bhFeidhm an Curaclaim: Treoir do Mhúinteoirí; Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht: Treoir Nuashonraithe do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta; Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Leanaí i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu; Ábhair thacaíochta don oideolaíocht agus don ionchuimsiú. Is féidir rochtain a fháil orthu ar líne ag **www.curriculumonline.ie**.

1. Réamhrá

Tá measúnú ina phróiseas comhoibríoch ina bhfuil páistí agus múinteoirí agus, in amanna, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile páirteach, de réir mar a bhailíonn, mar a thaifeadann, mar a léirmhíníonn, mar a úsáideann agus mar a thuairiscíonn siad faisnéis faoi dhul chun cinn agus gnóthachtáil páiste ó thaobh eolas, coincheapa, inniúlachtaí, scileanna agus meonta a fhorbairt.

Tá measúnú ina chuid bhunúsach d'fhoghlaim agus de theagasc ar ardchaighdeán. Agus é leabaithe laistigh de chleachtas seomra ranga laethúil, tacaíonn sé le múinteoirí agus páistí chun cinntí eolasacha a dhéanamh lena dtacaítear le foghlaim agus forbairt páistí agus lena n-aithnítear dul chun cinn le himeacht aimsire. Le *Creatchuraclam na Bunscoile* trí Phrionsabail na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe, cuirtear béim ar an méid seo a leanas: 'Tá measúnú fiúntach comhoibríoch agus tá sé mar bhunchuid de theagasc agus d'fhoghlaim ardchaighdeáin. Bíonn páistí, múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine eile páirteach ann, cuireann sé eolas ar fáil agus tacaíonn sé le dul chun cinn i bhfoghlaim páistí trasna an churaclaim' (lch. 7).


Le *Curaclam na Bunscoile* tugtar breac-chuntas ar an méid atá tábhachtach d'fhoghlaim páistí i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta, agus é sin múnlaithe le tuiscint ar an oideachas bunscoile mar thráth 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' na bpáistí (*Creatchuraclam na Bunscoile*, lch. 3).

Tá príomhbhéimeanna *Churaclam na Bunscoile* mar bhonn agus mar thaca ag an treoir seo:

- **Foghlaim** – Tacaíonn measúnú le múinteoirí agus páistí tuiscint a fháil ar an staid a bhfuil siad ina gcuid foghlama agus ar conas dul chun cinn a dhéanamh, mar a dhéantar cur síos air trí na príomhinniúlachtaí agus mar a cuireadh i gcrích trí Thorthaí Foghlama leathana agus solúbtha
- **Oideolaíocht agus measúnú** – Tá measúnú leabaithe laistigh d'Eispéiris Foghlama spraíúla agus tharraingteacha agus tá sé ina thaca le foghlaim agus teagasc freagrúil
- **Cumas gníomhúcháin** – Tacaíonn measúnú le múinteoirí agus páistí cinntí eolasacha agus freagrúla a dhéanamh; tacaítear le páistí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus freagracht mhéadaitheach a ghlacadh aisti
- **Ionchuimsiú agus éagsúlacht** – Úsáideann múinteoirí agus páistí measúnú chun uathúlacht gach páiste a aithint agus chun freagairt di, rud a chinntíonn rannpháirtíocht thairbheach do chách.

Tá sé mar aidhm leis an treoir seo tacú le cleachtas ranga laethúil múinteoirí[2] agus bonn eolais a chur faoi bhreithnithe sa scoil uile, i dteannta polasaithe náisiúnta agus treoir ábhartha eile maidir le curaclam agus measúnú.

[2] Is scáth-théarma é an téarma 'múinteoirí' a úsáidtear sa cháipéis seo don fhoireann teagaisc uile i scoil amhail múinteoirí ranga príomhshrutha, múinteoirí i scoil speisialta, múinteoirí ranga speisialta, múinteoirí oideachais speisialta (MOS), múinteoirí Béarla mar theanga bhreise (BTB) agus ceannairí scoile.



Fíor 1: An curaclam i bhfeidhm

2. Cuspóirí an Mheasúnaithe

Go ginearálta, tá trí phríomhchuspóir ag measúnú:



Tacú le foghlaim agus teagasc

Tacú le foghlaim agus teagasc

Tacaíonn measúnú le foghlaim agus teagasc trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Bonn eolais a chur faoi ullmhúchán** – Léargais thráthúla, fhianaisebhunaithe a sholáthar ar a bhfuil ar eolas ag páistí, ar a dtuigeann siad agus ar ar féidir leo a dhéanamh agus ar an áit a bhféadfadh gá a bheith le tacaíocht bhreise, dúshlán breise nó Eispéiris Foghlama dhifriúla
- **Teagasc freagrúil a chumasú** – Bonn eolais a chur faoi chinntí faoi luas, seicheamhú agus oiriúnuithe d'Eispéiris Foghlama faoi mar a tharlaíonn foghlaim
- **Tacú leis na páistí uile dul chun cinn a dhéanamh** – Láidreachtaí, patrúin agus bacainní féideartha a shainaithint ionas gur féidir tacaíochtaí, scafláil agus leibhéil dúshláin chuí a sholáthar.



Páistí a thuiscint agus a chumasú mar fhoghlaimeoirí

Páistí a thuiscint agus a chumasú mar fhoghlaimeoirí

Cuidíonn measúnú le múinteoirí tuiscint níos doimhne a fháil ar pháistí mar fhoghlaimeoirí agus le páistí eolas orthu féin a chothú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Tacú le rannpháirtíocht agus machnamh páistí** – Páirt a thabhairt do pháistí i bplé a dhéanamh faoina gcuid foghlama, machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn agus úinéireacht mhéadaithe a ghlacadh ar a gcuid foghlama, le tacaíochtaí cuí i gcás inar gá
- **Léargas iomlánaíoch a chothú** – An fhoghlaim a thabhairt faoi deara, a bhailiú, a léirmhíniú agus freagairt di ar fud réimse leathan de chomhthéacsanna difriúla agus d'Eispéiris Foghlama dhifriúla
- **Turais foghlama páistí a aithint agus a cheiliúradh** – Foghlaim a dhéanamh infheicthe trí iarracht, dul chun cinn agus gnóthachtáil a chomhroinnt agus a aithint, chun tacú le muinín, inspreagadh, rannpháirtíocht agus léirthuiscint don éagsúlacht sa dóigh a bhfoghlaimíonn siad féin agus daoine eile.



Comhroinnt faisnéise a éascú

Comhroinnt faisnéise a éascú

Soláthraíonn measúnú faisnéis luachmhar do pháirtithe leasmhara éagsúla agus, an rud is tábhachtaí, do pháistí. Nuair a chomhroinntear é go cuí agus ar bhealaí inrochtana, is féidir le faisnéis mheasúnaithe[3] a bheith ina taca leis an méid seo a leanas:

- **Cumarsáid agus comhoibriú** – tacú le comhráite tairbheacha faoi fhoghlaim, tacaíochtaí comhordaithe agus cinnteoireacht ghairmiúil
- **Leanúnachas agus ionchuimsiú** – tacú le haistrithe, bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile agus rannchuidiú le comhthuiscint ar fhoghlaim, forbairt agus dul chun cinn páistí.

Fíor 2: Cuspóirí an mheasúnaithe

[3] Ag tráthanna áirithe agus i gcás inar cuí, d'fhéadfaí faisnéis mheasúnaithe ardleibhéil a chomhroinnt leis an Roinn Oideachais agus Óige chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas agus pleanáil ar leibhéal córais. Rialaítear comhroinnt faisnéise le reachtaíocht, ciorcláin Roinne agus ceanglais cosanta sonraí, agus é á chinntiú nach n-úsáidtear faisnéis ach amháin don chuspóir atá beartaithe di agus go láimhseáiltear í leis na leibhéil rúndachta agus chúraim is airde.

3. Saintréithe an Mheasúnaithe

I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, tá saintréithe mar bhonn agus mar thaca ag measúnú seomra ranga ardchaighdeáin, rud a chinntíonn go mbeidh sé tairbheach, éifeachtach agus tacúil leis na páistí uile.

Bíonn measúnú **Cumasaithe** [CU]	
Bíonn measúnú cumasaithe nuair atá sé ina thaca ag foghlaim agus teagasc agus nuair a chumasaíonn sé do pháistí páirt a ghlacadh go gníomhach agus go muiníneach ina gcuid foghlama	
Do mhúinteoirí, is éard atá i gceist leis sin léargais thairbheacha, iontaofa lena dtacaítear le breithiúnas gairmiúil agus leis na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim	Do pháistí, tacaíonn measúnú le machnamh, muinín agus úinéireacht mhéadaitheach ar fhoghlaim, rud a chumasaíonn dóibh a ndul chun cinn a aithint agus roghanna eolasacha a dhéanamh faoi na chéad chéimeanna eile



Cumasaithe

Bíonn measúnú **Diongbháilte** [D]	
Bíonn measúnú diongbháilte nuair atá sé treoraithe le tuiscint shoiléir ar an bhfáth a bhfuil úsáid á baint as agus ar an dóigh a mbeidh sé ina thaca le foghlaim	
Do mhúinteoirí, is éard atá i gceist leis sin modhanna a ailíníonn le Fóca(i)s na Foghlama a dhearadh agus a roghnú agus faisnéis úsáideach agus iontaofa a sholáthar faoi fhoghlaim agus dul chun cinn páistí	Do pháistí, cuidíonn measúnú leo tuiscint a fháil ar a bhfuil á fhoghlaim acu, ar an bhfáth a bhfuil tábhacht leis agus ar an dóigh ar féidir leo dul chun cinn a dhéanamh




Diongbháilte

Bíonn measúnú **Ionchuimsitheach** [I]	
Bíonn measúnú ionchuimsitheach nuair atá sé freagrúil, inrochtana agus fréamhaithe i láidreachtaí páistí	
Do mhúinteoirí, is éard atá i gceist leis sin láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais tacaíochta páistí a aithint, agus freagairt dóibh, fad a choinnítear ionchais arda do chách	Do pháistí, soláthraíonn measúnú bealaí tairbheacha agus inrochtana do pháistí chun foghlaim a léiriú, chun bheith rannpháirteach agus rathúil



Ionchuimsitheach

Bíonn measúnú **Comhoibríoch** [CO]	
Bíonn measúnú comhoibríoch nuair is éard atá i gceist leis idirphlé, comhpháirtíocht agus comhthuiscint	
Do mhúinteoirí, is éard atá i gceist leis sin páirt ghníomhach a thabhairt do pháistí, tuismitheoirí, múinteoirí agus gairmithe eile i gcomhráite lena dtacaítear le foghlaim, dul chun cinn, aistrithe agus leanúnachas	Do pháistí, is éard is measúnú ann rud éigin faoina dtugtar leo, trí mhachnamh measúil, aiseolas agus Eispéiris Foghlama a chomhroinnt



Comhoibríoch

Tábla 1: Saintréithe an mheasúnaithe



Spotsolas ar: Lionsa bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh

Tosaíonn lionsa bunaithe ar láidreachtaí leis an méid atá ar eolas ag páistí, leis an méid is féidir leo a dhéanamh agus leis an méid is cás leo. Leis sin, aithnítear gach páiste mar fhoghlaimeoir inniúil ag a bhfuil láidreachtaí, cumais, spéiseanna, riachtanais agus cúinsí uathúla. Baineann measúnú úsáid as an tuiscint sin mar bhunchloch do na chéad chéimeanna tairbheacha eile i bhfoghlaim agus forbairt.

Bíonn an méid seo a leanas i gceist leis sin go praiticiúil:

- An méid atá ag oibriú go maith don pháiste a thabhairt faoi deara agus tógáil air sin
- Úsáid a bhaint as spéiseanna páistí chun foghlaim a spreagadh agus a leathnú
- Spriocanna a chur le chéile ar bhealaí atá dearfach, indéanta agus dírithe ar chumas
- Bacainní roimh fhoghlaim a shainaithint agus timpeallachtaí foghlama a chruthú inar féidir le gach páiste a bheith rathúil, a bhrath go bhfuil siad luachmhar agus san áit is dual dóibh.

Cleachtas	Samplaí den mhéid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis seo
An méid atá ag oibriú go maith don pháiste a thabhairt faoi deara agus tógáil air sin	Tugann Iníon Uí Mhurchú faoi deara go míníonn Ciara smaointe go muiníneach le linn plé i ngrúpaí, cé go bhfuil drogall uirthi a bheith ag scríobh go neamhspleách. Úsáideann sí scéalaíocht ó bhéal agus caint piaraí mar phointe tosaigh chun a cuid muiníne sa scríbhneoireacht a fhorbairt.
Úsáid a bhaint as spéiseanna páistí chun foghlaim a spreagadh agus a leathnú	Tugann Múinteoir Seán faoi deara go bhfuil grúpa páistí tógtha le mionainmhithe agus go bhfuil spéis acu iontu. Pleanálann sé deiseanna chun breathnóireacht agus taighde a dhéanamh ar mhionainmhithe san Eolaíocht, chun iad a thomhas agus a chur i gcomparáid sa Mhatamaitic, agus chun iad a tharraingt, cur síos a dhéanamh orthu agus scéalta a chruthú fúthu san Ealaín agus sa Teanga.
Spriocanna a chur le chéile ar bhealaí atá dearfach, indéanta agus dírithe ar chumas	Sa Chorpoideachas, aithníonn Máistir Páidí gur féidir le Noah fanacht ar a chothrom go muiníneach agus gluaiseacht ar bhealach rialaithe. Leagann sí sprioc síos do Noah chun dhá ghluaiseacht a thabhairt le chéile i seicheamh simplí, agus gnáthaimh níos casta á gcothú de réir a chéile le himeacht aimsire.
Bacainní roimh fhoghlaim a shainaithint agus timpeallachtaí foghlama a chruthú inar féidir le gach páiste a bheith rathúil, a bhrath go bhfuil siad luachmhar agus san áit is dual dóibh	Aithníonn Emma go nglacann Laura páirt ar bhealach níos muiníní nuair a thugtar tacaíochtaí físiúla agus am breise di chun faisnéis agus treoracha a phróiseáil. Oiriúnaíonn sí Eispéiris Foghlama dá réir sin ionas gur féidir le Laura bheith rannpháirteach go rathúil i dteannta a piaraí.

Tábla 2: Samplaí den chaoi ar féidir lionsa bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh


Do pháistí, ciallaíonn sin eispéiris mheasúnaithe atá tairbheach, freagrúil, mealltach agus inrochtana.

4. Próisis Mheasúnaithe agus Cinnteoireacht

Tá múinteoirí ina gcinnteoirí. Gach lá, agus ó nóiméad go nóiméad go minic, úsáideann siad faisnéis mheasúnaithe chun cinntí eolasacha a dhéanamh ina seomraí ranga agus ina suíomhanna.

Faisnéis mheasúnaithe		
Le faisnéis mheasúnaithe tairgtear pointe iontrála tábhachtach chun ullmhú don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú. Tá sí múnlaithe ag eolas múinteoirí ar an méid seo a leanas, agus cothaítear a n-eolas air sin léi:		
Na páistí ina rang, lena n-áirítear a réamhfhoghlaim, a láidreachtaí, a spéiseanna agus a riachtanais	Foghlaim agus dul chun cinn páistí i ndáil leis an gcuraclam, lena n-áirítear na príomhinniúlachtaí agus na Torthaí Foghlama	Cuir chuige maidir le hoideolaíocht agus measúnú


Tagraíonn faisnéis mheasúnaithe don réimse leathan faisnéise a ghintear le linn idirghníomhaíochtaí, plé, súgradh, tascanna, Eispéiris Foghlama agus imeachtaí measúnaithe. D'fhéadfadh sí a bheith infheicthe sa timpeallacht foghlama freisin trí shaothar, taispeántais, punanna agus déantúsáin eile de chuid na bpáistí. Mar sin féin, níl an tábhacht chéanna leis an bhfaisnéis mheasúnaithe uile i ngach comhthéacs nó staid. Is éard is fianaise ann an fhaisnéis mheasúnaithe a shainaithníonn múinteoirí mar a bheith tairbheach agus ábhartha go háirithe chun ceist a fhreagairt, breithiúnas a dhéanamh nó bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile.



Fíor 3: Faisnéis mheasúnaithe agus fianaise

Le Fóca(i)s Foghlama, i dteannta gnéithe d'fhoghlaim agus forbairt páistí a mheastar a bheith ar na gnéithe is tábhachtaí don pháiste laistigh de chomhthéacs ar leith, treoraítear an méid a bhféachann múinteoirí agus páistí ina dhiaidh, an fhaisnéis mheasúnaithe a bhíonn tábhachtach agus conas a léirmhínítear agus a úsáidtear an fhaisnéis sin. Ní féidir le múinteoirí féachaint i ndiaidh gach gné den fhoghlaim agus den fhorbairt go cothrom gach tráth. Ina ionad sin, úsáideann siad a mbreithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cad é an rud is tábhachtaí le bheith ag díriú air, cad í an fhaisnéis is úsáidí le bailiú agus conas is féidir le measúnú tacú go tairbheach leis na chéad chéimeanna eile don fhoghlaim agus don teagasc.

Tacaíonn próisis mheasúnaithe le múinteoirí agus páistí faisnéis mheasúnaithe a thabhairt faoi deara, a bhailiú, a léirmhíniú agus freagairt di ar bhealaí diongbháilte. I seomraí ranga gnóthacha, gluaiseann múinteoirí agus páistí go réidh idir na próisis sin.



Fíor 4: Próisis mheasúnaithe

Cé go bhfiosraítear na próisis sin ó pheirspictíocht an mhúinteora sa chuid seo, tá tuilleadh treorach maidir le conas is féidir tacú le páistí dul i ngleic leis na próisis sin le fáil in Eiseamláir E.

Rudaí a thabhairt faoi deara agus a bhailiú

Rudaí a thabhairt faoi deara agus a bhailiú	
Is éard atá i gceist le rud a thabhairt faoi deara a bheith i dtiúin lena gcuireann páistí in iúl, lena ndéanann siad agus lena léiríonn siad le linn idirghníomhaíochtaí laethúla, Eispéiris Foghlama phleanáilte agus imeachtaí measúnaithe níos struchtúrtha. Is féidir leis sin a bheith iomasach nó intinneach. Úsáideann múinteoirí breithiúnas gairmiúil chun tosaíocht a thabhairt dá bhfuil ar an rud is tábhachtaí le tabhairt faoi deara agus do na gnéithe foghlama atá ar na gnéithe is tábhachtaí chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile.	Is éard atá i gceist le bailiú faisnéis mheasúnaithe a ghabháil ar bhealaí diongbháilte. Agus í bailithe le himeacht aimsire agus ar fud comhthéacsanna difriúla, rannchuidíonn an fhaisnéis sin le tuiscint níos leithne agus níos iontaofa ar an bpáiste agus ar a bhfoghlaim.

Tábla 3: Rudaí a thabhairt faoi deara agus a bhailiú

Le linn a bheith ag tabhairt faoi deara agus ag bailiú, tacaíonn na leideanna sin le múinteoirí chun measúnú a úsáid ar bhealaí atá **C**umasaithe [Cu], **D**iongbháilte [D], **I**onchuimsitheach [I] agus **C**omhoibríoch [C]:

- Cé na gnéithe d'fhoghlaim páistí atá ar na gnéithe is tábhachtaí le bheith ag féachaint ina ndiaidh? [Cu, D]
- Cén fhaisnéis mheasúnaithe is tairbhí chun tuiscint a fháil ar fhoghlaim, forbairt agus/nó dul chun cinn páistí? [D]
- Cén fhianaise bhreise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun léargas níos leithne a fháil ar fhoghlaim páistí, agus cén fáth sin? [D, I]
- Cé na modhanna measúnaithe is cuí chun léargais a bhailiú ar fhoghlaim agus forbairt páistí? [D, I, Co]
- Conas is féidir tacú le páistí chun a gcuid foghlama agus dul chun cinn a léiriú, a chur i bhfeidhm agus chun machnamh a dhéanamh orthu? [Cu, I]
- Cé na patrúin nó na forbairtí san fhoghlaim atá ag tosú ar theacht chun cinn le himeacht aimsire? [D]

Is féidir le déantúsáin foghlama atá ann cheana amhail saothar, taispeántais, nótaí dialainne, grianghraif, taifeadtaí digiteacha agus iontrálacha punainne páistí a bheith ina bhfoinsí fianaise luachmhara. Trí theacht ar ais chuig na déantúsáin sin le páistí le himeacht aimsire, is féidir tacú le machnamh, plé agus féinmheasúnú, agus cuidítear le múinteoirí agus páistí freisin chun patrúin, dul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a aithint. Nuair a úsáidtear í ar an dóigh sin, ní hamháin go mbailítear faisnéis mheasúnaithe san am i láthair, ach is féidir léi leanúint de bheith infheicthe, tairbheach agus gníomhach laistigh den timpeallacht foghlama, rud a sholáthraíonn bunchloch d'fhoghlaim agus do theagasc amach anseo.

Léirmhíniú agus Freagairt

Léirmhíniú agus Freagairt	
Is éard atá i gceist le léirmhíniú go mbaineann múinteoirí agus páistí ciall as an méid a tugadh faoi deara agus a bailíodh chun fianaise ábhartha a shainaithint. Ós rud é go bhfuil foghlaim de chineál forbarthach agus neamhlíneach, díríonn múinteoirí ar phatrúin seachas ar chásanna ar leith agus cuimhníonn siad ar fhianaise laistigh den chomhthéacs níos leithne d'eispéiris páistí.	Is éard atá i gceist le freagairt an fhianaise sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile.
Trí léirmhíniú, forbraíonn múinteoirí léargais ar an méid seo a leanas:	Ag tarraingt ar an eolas atá acu ar an bpáiste, ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht, féadfaidh múinteoirí freagairt:
• patrúin i dtuiscint, gníomhú agus rannpháirtíocht páistí • forbairt eolais, scileanna, coincheap, meonta, dearcthaí agus luachanna • cosúlachtaí agus difríochtaí ar fud foghlaim páistí • dul chun cinn páistí i dtreo Torthaí Foghlama • réimsí ina bhfuil gá le tacaíocht bhreise • cuir chuige oideolaíochta dá bhfreagraíonn páistí go maith.	• an tráth céanna: trí aiseolas, ceisteanna agus tacaíocht nó dúshlán a choigeartú • trí ullmhúchán: trí Fhóca(i)s Foghlama a bheachtú, trí Eispéiris Foghlama a oiriúnú agus trí chritéir ratha a idirdhealú • le himeacht aimsire: trí chuir chuige oideolaíochta nó tríd an timpeallacht foghlama a bheachtú agus trí sholáthar tacaíochta nó acmhainní breise a earcú.

Tábla 4: Léirmhíniú agus Freagairt

Le linn a bheith ag léirmhíniú agus ag freagairt, d'fhéadfadh na leideanna seo a leanas tacú le múinteoirí chun measúnú a úsáid ar bhealaí atá **C**umasaithe [Cu], **D**iongbháilte [D], **I**onchuimsitheach [I] agus **C**omhoibríoch [C]:

- Cad é a léirítear leis an bhfianaise faoi fhoghlaim, forbairt agus dul chun cinn páistí? [D]
- Cé na tosca a d'fhéadfadh a bheith ag imirt tionchair ar an bhfianaise a bhailítear? [I]
- Cé na láidreachtaí, na spéiseanna nó na riachtanais tacaíochta atá ag éirí infheicthe? Cé na patrúin atá ag teacht chun cinn le himeacht aimsire? [D, Co]
- Conas is féidir tacú le páistí machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise sin agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint? [Cu, D, I, Co]
- Cad é atá ag oibriú go maith agus cén áit arbh fhéidir gá a bheith le tacaíocht bhreise nó dúshlán breise? [D, Co]
- Cá na chéad chéimeanna eile is cuí don fhoghlaim agus don teagasc? [Cu, D]
- Conas is féidir an timpeallacht foghlama, na hEispéiris Foghlama nó na tacaíochtaí a oiriúnú ionas gur fearr is féidir freastal ar láidreachtaí agus riachtanais páistí? [Cu, D, I, Co]
- Conas a d'fhéadfadh an fhaisnéis sin tacú le cumarsáid agus comhoibriú le páistí, tuismitheoirí agus comhghleacaithe? [Cu, D, I, Co]
- I bhfianaise mo léirmhínithe, cad é ba cheart a bheith mar Fhóca(i)s Foghlama agus an mheasúnaithe i gceachtanna amach anseo? [D]

Fianaise a léirmhíniú agus freagairt di go praiticiúil

Le linn Cheacht Ceoil Chéim 3 de chuid Mhúinteoir Ó Suilleabháin tá ceol atá spreagtha ag téama á fhiosrú agus á chruthú ag na páistí. Tá an Fócas Foghlama ar chumadóireacht cheoil chun an téama 'stoirmeacha toirní an tsamhraidh' a chur in iúl. Agus úsáid á baint as réimse foinsí fuaime, comhoibríonn páistí chun píosa ceoil gairid a chruthú ina gcuimsítear coincheapa ceoil lena n-áirítear struchtúr, dinimic, luas agus tondath. Breathnaíonn agus scaflálann an múinteoir, spreagann sí machnamh agus soláthraíonn sí aiseolas chun tacú le páistí ar feadh an cheachta – le linn an phlé tosaigh (agus critéir ratha chomhroinnte á bhforbairt), de réir mar a fhiosraíonn siad fuaimeanna agus teicnící agus réimse uirlisí á úsáid, agus mar a chomhoibríonn siad chun a gcuid smaointe a ghiniúint, a oiriúnú agus a struchtúrú.

Bailíonn sí faisnéis mheasúnaithe a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- An dóigh a ndéanann páistí a smaointe ceoil a ghiniúint, a scagadh, a oiriúnú agus a struchtúrú (agus nodaireacht ghrafach á húsáid chun tacú lena bpróiseas cruthaitheach)
- An dóigh a ndéanann páistí tuiscint ar choincheapa ceoil a thaispeáint agus a chur i bhfeidhm, agus a n-úsáideann siad uirlisí agus cnagcheol colainne go cruthaitheach chun an téama a chur in iúl
- Rannpháirtíocht, comhoibriú agus dul i riosca cruthaitheach laistigh den phróiseas cumadóireachta.

Le linn idirghníomhaíocht ghrúpa amháin, tá fiosrú á dhéanamh ag Anna ar conas glocainspíl a sheinm ar bhealach lena léirítear an bháisteach. Cruthaíonn sí séis ghairid agus buaileann sí an uirlis trína cuid méar, ingne agus trí rudaí eile a chnagadh go héadrom chun réimse éifeachtaí a chruthú. Nuair a chomhroinneann sí a cuid smaointe le John, ball den ghrúpa, fiafraíonn sí de, "An dóigh leat gur cheart dom í a sheinm go héadrom, b'fhéidir, trí úsáid a bhaint as barra mo mhéar, ar dtús, agus ansin, níos déanaí, éirí níos glóraí agus úsáid a bhaint as an gcasúr miotail agus mé á seinm? Mar is amhlaidh sa samhradh a d'fhéadfadh sé go dtosódh stoirm thoirní le cith fearthainne agus go n-éireodh sé an-trom." Freagraíonn John: "Níor smaoinigh mé ar í a sheinm ar bhealaí difriúla. Ba mhaith an smaoineamh é sin, athrú a dhéanamh ar an luas de cé chomh glórach agus cé chomh bog atá sí." Ceartaíonn Anna é agus deir sí: "Sílim gur dinimic de ghlórach agus bog atá i gceist agat."

Do Mhúinteoir Ó Suilleabháin, fianaise thairbheach ar an bhfoghlaim atá i gceist leis an idirghníomhaíocht sin. Tugtar le fios léi go bhfuil Anna ag plé leis an téama trí chumadóireacht, go bhfuil sí ag plé leis go cruthaitheach agus go bhfuil bealaí nua chun uirlisí a sheinm á dtriail aici chun an téama a chur in iúl. Léirítear léi freisin go bhfuil sí muiníneach sa tuiscint atá aici ar dhinimic agus san úsáid a bhaineann sí aisti. Cé go dtugann sí faoi deara go bhfuil John gafa leis an bpróiseas cumadóireachta agus go bhfuil spéis aige ann, tá an tuiscint atá aige ar théarmaí amhail dinimic ag teacht chun cinn agus tá sé ag tosú ar léirthuiscint a fháil ar na féidearthachtaí a bhaineann le huirlisí a sheinm ar bhealaí difriúla. Úsáideann sí an fhianaise sin chun Anna a spreagadh le smaointe a chomhroinnt chun uirlisí a sheinm go cruthaitheach, ag teacht ar ais chuig coincheapa ceoil an tondatha agus na dinimice leis an rang trí chéile, agus machnamh grúpa á spreagadh.



Spotsolas ar: Faisnéis mheasúnaithe a léirmhíniú agus ciall a bhaint aisti

Is cuid lárnach de theagasc freagrúil é faisnéis mheasúnaithe a léirmhíniú. A bhuí leis na próisis a bhaineann le rudaí a thabhairt faoi deara agus a bhailiú, le rudaí a léirmhíniú agus freagairt dóibh, cuidítear le múinteoirí idirdhealú a dhéanamh idir an méid seo a leanas:

- an méid a thugann siad faoi deara nó a bhailíonn siad mar fhianaise ar fhoghlaim, forbairt agus/nó dul chun cinn
- an méid a d'fhéadfadh an fhianaise sin a thabhairt le fios faoi thuiscint, scileanna nó riachtanais an pháiste
- an dóigh a bhféadfaidís freagairt chun tacú leis na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim.


Rudaí a thabhairt faoi deara agus a bhailiú (Cad é atá á fheiceáil nó á chloisteáil agam?)	Léirmhíniú (Cad é a d'fhéadfaí a thabhairt le fios tríd sin faoi fhoghlaim an pháiste?)	Freagairt (Cén fhreagairt, tacaíocht nó chéad chéim eile a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú?)
D'úsáid an páiste líníochtaí chun a smaointeoireacht a mhíniú.	D'fhéadfadh sé go mbeadh tuiscint á cur in iúl ar bhealach níos éifeachtaí ag an bpáiste trí mhóid físe agus go dtairbheoidís de dheiseanna ilmhódacha chun an fhoghlaim a léiriú.	Soláthair bealaí físe nó bealaí béil breise don pháiste chun foghlaim a léiriú.
Bíonn an páiste ag brath go láidir ar thacaíocht piaraí le linn an taisc.	D'fhéadfadh sé go mbeadh an páiste fós ag forbairt muiníne nó neamhspleáchais leis an scil sin.	Déan eiseamláiriú ar an scil arís agus soláthair deiseanna cleachtais scafláilte.
Bhain an páiste scór íseal amach i dtriail ach léirigh siad tuiscint níos mó le linn plé seomra ranga.	D'fhéadfadh sé nach léireofaí tuiscint an pháiste go hiomlán leis an toradh measúnaithe agus go mbeadh tionchar ag tosca amhail éilimh theanga, muinín, imní nó formáid an taisc air sin.	Bailigh fianaise bhreise trí bhreathnóireacht agus tascanna atá deartha ag an múinteoir agus soláthair deiseanna malartacha don pháiste chun foghlaim a léiriú.
Chuir an páiste scil i bhfeidhm go rathúil le linn foghlaim shúgradhbhunaithe ach ní hamhlaidh a rinne siad sin le linn gníomhaíocht scríofa.	D'fhéadfadh sé go mbeadh an páiste in ann tuiscint a léiriú ar bhealach níos éifeachtaí i gcomhthéacsanna praiticiúla nó idirghníomhacha agus go mbeadh muinín fós á cothú acu i léiriú scríofa.	Soláthair deiseanna éagsúla don pháiste chun an fhoghlaim a chur i bhfeidhm agus a léiriú ar fud comhthéacsanna agus formáidí difriúla.
Le linn an mhachnaimh, shainaithin an páiste ar chuidigh leo chun an tasc a chur i gcrích go rathúil.	Tá an páiste ag tosú ar straitéisí foghlama éifeachtacha a aithint agus ar fheasacht ar a gcuid foghlama féin a fhorbairt.	Tacaigh leis an bpáiste chun spriocanna a leagan síos agus machnamh a dhéanamh ar straitéisí lena dtacaítear le foghlaim amach anseo.

Tábla 5: Faisnéis mheasúnaithe a léirmhíniú agus ciall a bhaint aisti

Chun faisnéis mheasúnaithe a léirmhíniú, éilítear ar mhúinteoirí tarraingt ar a mbreithiúnas gairmiúil agus cuimhneamh ar an gcomhthéacs níos leithne a bhaineann le foghlaim an pháiste. Is annamh a sholáthraítear léargas iomlán trí bhreathnóireacht, comhrá nó toradh measúnaithe aonair. Dá bhrí sin, bailíonn múinteoirí fianaise le himeacht aimsire, ar fud comhthéacsanna difriúla agus úsáid á baint as réimse cur chuige chun tuiscint níos leithne ar an bhfoghlaim a chothú.

5. An Contanam Measúnaithe

Leis an gContanam Measúnaithe, tarraingítear aird ar na bealaí difriúla a tharlaíonn measúnú i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. D'fhéadfadh measúnú teacht chun cinn trí idirghníomhaíochtaí laethúla, d'fhéadfadh sé a bheith pleanáilte agus leabaithe laistigh d'Eispéiris Foghlama nó tarlú trí imeachtaí measúnaithe níos struchtúrtha. Tá na cuir chuige sin idirnasctha go praiticiúil. I dteannta a chéile, soláthraítear faisnéis chomhlántach leo lena dtacaítear le cinnteoireacht fhreagrúil agus tuiscint níos leithne ar fhoghlaim páistí.



Fíor 5: An Contanam Measúnaithe

Measúnú iomasach

Tá measúnú iomasach fréamhaithe i mbreithiúnas gairmiúil múinteoirí le linn idirghníomhaíochtaí agus Eispéiris Foghlama laethúla. Tacaíonn sé le cinntí láithreacha, san am i láthair, faoi fhoghlaim agus teagasc. Ní hiondúil go dtaifeadtar é, cé go bhféadfadh nótaí gearra a bheith úsáideach nuair atá breathnóireacht shuntasach i gceist.

Úsáideann múinteoirí measúnú iomasach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- rannpháirtíocht, muinín, éiginnteacht, spéiseanna nó míthuiscintí páistí a thabhairt faoi deara
- tuiscint a shoiléiriú le linn plé nó idirghníomhaíochta
- freagairt láithreach trí thacaíocht, trí dhúshlán, trí luas nó tríd an Eispéireas Foghlama a oiriúnú
- tráthanna a shainaithint arbh fhéidir gur ghá obair leantach a dhéanamh fúthu trí idirghníomhaíochtaí pleanáilte nó imeachtaí measúnaithe.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis sin go praiticiúil:

- dul chun cinn incriminteach a thabhairt faoi deara i rannpháirtíocht, cumarsáid nó forbairt scileanna
- teanga a eiseamláiriú nó stór focal a leathnú mar fhreagairt d'ionchur páistí
- gníomhaíochtaí nó tacaíochtaí a oiriúnú mar fhreagairt do rannpháirtíocht agus rannpháirteachas
- teacht ar ais chuig míthuiscint trí cheisteanna, aiseolas nó idirghníomhaíocht atá pleanáilte ina dhiaidh sin.

Idirghníomhaíochtaí pleanáilte

Tá idirghníomhaíochtaí pleanáilte ina ndeiseanna diongbháilte agus solúbtha le haghaidh measúnú atá fite fuaite in Eispéireas Foghlama laethúla. Bíonn siad pleanáilte go hintinneach ach leanann siad de bheith solúbtha agus freagrúil don fhoghlaim de réir mar a tharlaíonn sí. Is iondúil go mbíonn siad ailínithe le Fóca(i)s Foghlama agus go dtarraingíonn siad ar na modhanna measúnaithe is cuí chun tacú le foghlaim agus fianaise thairbheach a ghiniúint. D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí pleanáilte fianaise a ghiniúint trí cheisteanna, idirphlé, samplaí oibre, nótaí múinteoirí, piarmheasúnú nó féinmheasúnú, seicliostaí, rúibricí nó déantúsáin eile ón Eispéireas Foghlama. D'fhéadfaí cuid den fhianaise sin a thaifeadadh i gcás ina bhfuil sí úsáideach agus cuí.

Bíonn an éifeacht is mó le hidirghníomhaíochtaí pleanáilte nuair is fíor an méid seo a leanas maidir leo:

- bíonn Fóca(i)s Foghlama agus critéir ratha soiléir a bhuí leo
- bíonn siad ina spreagadh le smaointeoireacht páistí trí cheisteanna, idirphlé nó gníomhaíocht
- tugtar páirt ghníomhach do pháistí i machnamh, piarmheasúnú nó féinmheasúnú a bhuí leo
- soláthraítear aiseolas leo lena ndearbhaítear iarracht agus lena dtacaítear le feabhsú, dul chun cinn agus úinéireacht.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis sin go praiticiúil:

- déanamh ceoil comhoibríoch ina gcomhchruthaíonn páistí critéir ratha agus ina dtugann siad faoi phiarmheasúnú agus féinmheasúnú
- mionstaidéir allamuigh lena gcumasaítear do pháistí foghlaim a bhreathnú, a thaifeadadh agus a léirmhíniú i gcomhthéacsanna tairbheacha
- gníomhaíochtaí machnamhacha lena dtacaítear le féinfheasacht, cinnteoireacht agus scileanna sóisialta páistí
- gníomhaíochtaí réitigh fadhbanna i ngrúpaí beaga ina n-úsáideann múinteoirí ceisteanna agus aiseolas chun tacú le réasúnaíocht, comhoibriú agus cur i bhfeidhm réamhfhoghlama.

Imeachtaí measúnaithe

Is éard atá i gceist le himeachtaí measúnaithe cuir chuige struchtúrtha maidir le fianaise ar fhoghlaim agus gnóthachtáil a bhailiú trí thascanna, trialacha nó uirlisí sainithe. D'fhéadfaí a áireamh leo sin trialacha deartha ag múinteoirí, measúnuithe caighdeánaithe nó measúnuithe diagnóiseacha, chomh maith le cuir i láthair, feidhmíochtaí nó tionscadail. Is iondúil go mbíonn imeachtaí measúnaithe pleanáilte, agus go mbíonn páistí feasach go bhfuil measúnú ag tarlú. Leis an bhfianaise a bhailítear, is minic a sholáthraítear taifead ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil ag pointí ama.

Le himeachtaí measúnaithe tacaítear le múinteoirí chun:

- dul chun cinn a athbhreithniú agus patrúin a shainaithint
- réimsí ina n-éilítear tacaíocht nó dúshlán a shainaithint
- bonn eolais a chur faoi Eispéiris Foghlama amach anseo
- faisnéis a chur in iúl do pháistí, tuismitheoirí agus daoine eile.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis sin go praiticiúil:

- tasc scríbhneoireachta neamhspleách a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar stór focal, struchtúr agus gnásanna
- iontráil dialainne lena ndéantar an fhoghlaim a thaifeadadh le linn tionscadal comhtháite ETIM
- measúnú caighdeánaithe nó diagnóiseach a úsáidtear i dteannta fianaise eile chun bonn eolais a chur faoi thacaíochtaí agus na chéad chéimeanna eile
- cur i láthair nó feidhmíocht lena gcumasaítear do pháistí a nDéanamh ealaíon a léiriú agus a cheiliúradh i gcomhthéacsanna barántúla.

Rud atá tábhachtach, níl imeachtaí measúnaithe ina n-imeachtaí neamhspleácha. Ba cheart iad a léirmhíniú i dteannta measúnú iomasach agus idirghníomhaíochtaí pleanáilte chun tacú le tuiscint níos iomláine agus níos freagrúla ar fhoghlaim.



Spotsolas ar: Dul chun cinn

Tá measúnú agus dul chun cinn ina bpríomhphrionsabal i g*Curaclam na Bunscoile*. Le dul chun cinn déantar cur síos ar conas a neartaíonn agus a leathnaíonn foghlaim páistí agus a éiríonn sí níos sofaisticiúla le himeacht aimsire. Tá sé forbarthach agus neamhlíneach, agus páistí ag foghlaim ar rátaí difriúla agus ar bhealaí difriúla. Cuid nádúrtha de dhul chun cinn atá i gceist le dul ar ais chuig an bhfoghlaim agus lena comhdhlúthú, go háirithe nuair atá scileanna, meonta nó tuiscint nua á bhforbairt ag páistí. Trí inathraitheacht san fhoghlaim is féidir faisnéis luachmhar a sholáthar agus ba cheart bonn eolais a chur faoi theagasc agus measúnú léi.


Bíonn dul chun cinn le feiceáil nuair a thosaíonn páistí ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuiscint a neartú agus foghlaim a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna nua
- straitéisí a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim
- dearcthaí agus meonta dearfacha i leith na foghlama a thaispeáint
- éirí níos muiníní, níos inniúla agus níos neamhspleáiche
- páirt níos mó a ghlacadh, comhoibriú le daoine eile agus cumas gníomhúcháin méadaitheach a léiriú.

Is féidir le múinteoirí tacú le dul chun cinn páistí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cur le réamhfhoghlaim agus le réamheolas
- teacht ar ais chuig an bhfoghlaim, í a threisiú agus a leathnú
- tacaíocht agus dúshlán cuí a sholáthar
- an fhoghlaim a bhreathnú le himeacht aimsire agus measúnú a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile
- bealaí iomadúla a thairiscint do pháistí chun bheith ag foghlaim agus chun foghlaim a léiriú.

Do pháistí áirithe, ar dtús, d'fhéadfadh sé go mbeadh rannpháirtíocht i bhfoghlaim agus tacaíocht shuntasach á fáil ó dhuine fásta i gceist le dul chun cinn. Le himeacht aimsire, d'fhéadfadh neamhspleáchas méadaitheach agus gá laghdaithe le tacaíocht dul chun cinn a léiriú freisin.



6. Modhanna Measúnaithe

Cuidíonn modhanna measúnaithe le múinteoirí agus páistí fianaise a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid ar bhealaí lena dtacaítear le foghlaim. Bíonn an éifeacht is mó leo nuair atá siad leabaithe i gcleachtas laethúil sa seomra ranga agus nuair a roghnaítear iad le haghaidh cuspóir soiléir.

Tacaíonn modhanna measúnaithe le measúnú a chomhtháthú laistigh de chleachtas sa seomra ranga ar fud an chontanaim measúnaithe. Ní shuíonn siad ar aon áit ar leith ar an gcontanam measúnaithe; ina ionad sin, tá a suíomh ag brath ar an dóigh a n-úsáidtear iad go praiticiúil. Ní sholáthraítear léargas iomlán ar fhoghlaim páistí le haon mhodh aonair ar leith. Ina ionad sin, úsáideann múinteoirí réimse de mhodhanna comhlántacha agus d'fhoinsí fianaise le himeacht aimsire, treoraithe ag an bpáiste, ag an gcomhthéacs agus ag Foca(i)s Foghlama.

Ar na modhanna ar a dtugtar breac-chuntas sa chaibidil seo tá:

- Comhdhálú
- Aiseolas
- Breathnóireacht
- Piarmheasúnú agus féinmheasúnú
- Punanna
- Foghlaim bunaithe ar thionscadal
- Ceistiúchán
- Rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte
- Trialacha caighdeánaithe
- Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir.

Comhdhálú

Is éard atá i gceist le comhdhálú idirphlé diongbháilte idir múinteoirí agus páistí – ina nduine is ina nduine, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. Is éard atá i gceist leis a bheith ag éisteacht go cúramach, ceisteanna a chur chun an smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú, aiseolas a sholáthar agus machnamh a spreagadh.

Bíonn comhdhálú luachmhar go háirithe don mhéid seo a leanas:

- léargas níos doimhne a fháil ar smaointeoireacht agus tuiscint páistí
- a chumasú do pháistí a gcuid smaointeoireachta a chur in iúl agus úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama
- tacú le haiseolas saincheaptha, spriocdhírithe agus le teagasc freagrúil
- caidrimh agus iontaoibh sa phróiseas foghlama a neartú.

Baintear úsáid as comhdhálú:

- go neamhfhoirmiúil, trí idirghníomhaíochtaí gearra le linn gníomhaíochtaí foghlama
- d'aon ghnó, trí chomhráite duine le duine nó grúpaí beaga pleanáilte
- go freagrúil, chun obair leantach a dhéanamh ar bhreathnuithe nó léargais foghlama atá ag teacht chun cinn.

Cathain a bhíonn comhdhálú an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn comhdhálú an-úsáideach?
I dtús na foghlama	chun réamheolas, spéiseanna agus barúlacha páistí a fhiosrú
Le linn na foghlama	chun smaointeoireacht a fhiosrú agus a leathnú sa tráth nó chun aiseolas freagrúil, sainoiriúnaithe lena dtacaítear le dul chun cinn a thairiscint
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	chun an tuiscint a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú, aghaidh a thabhairt ar mhíthuiscintí agus na chéad chéimeanna tairbheacha eile a chomhaontú, ag tarraingt, go minic, ar fhianaise ó thascanna, samplaí oibre nó ceistiúchán
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	i dteannta breathnóireachta, go minic, chun a réasúnaíocht, a gcinnteoireacht agus an úsáid a bhaineann siad as straitéisí a fhiosrú go mion
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	chun tacú le páistí a gcuid foghlama a chur in iúl, dul chun cinn a aithint agus treonna a shainaithint amach anseo, rud a chomhlánaíonn measúnú punainne nó piarmheasúnú agus féinmheasúnú.

Tábla 6: Comhdhálú



Comhdhálú go praiticiúil

Le linn ceacht Tíreolaíochta do rang a cúig, iarrann Múinteoir Ní Bhraonáin ar na páistí oibriú i ngrúpaí ar thasc athchuimhne saoire roimh thús a chur le tionscadal ar abhainn Éireannach dá rogha féin. Agus úsáid á baint as bileoga móra páipéir, taifeadann na grúpaí an méid atá ar eolas acu cheana faoi aibhneacha ó réamhfhoghlaim.

Faoi mar a dhéanann Múinteoir Ní Bhraonáin comhdhálú le grúpa amháin, tugann sí faoi deara go mbaineann na páistí úsáid mhuiníneach as stór focal amhail foinse, fo-abhainn, creimeadh agus béal. Sceitseálann siad gnéithe d'abhainn go cruinn agus míníonn siad próisis fhisiciúla go soiléir ach is beag ceangal leis na bealaí a théann aibhneacha i bhfeidhm ar dhaoine agus ar phobail a dhéanann siad.

Seachas faisnéis bhreise a sholáthar, úsáideann Múinteoir Ní Bhraonáin an chomhdháil chun smaointeoireacht a leathnú trí leideanna amhail:

- Cén fáth ar fhorbair roinnt mhaith bailte Éireannacha in aice le haibhneacha, dar leat?
- Cén dóigh a bhféadfadh aibhneacha tacú leis an bhfeirmeoireacht nó le gnó?
- Cad é a d'fhéadfadh tarlú dá dtruailleofaí abhainn?

Trí phlé, tuigeann sí, cé gur féidir leis na páistí faisnéis fhíorasach a thabhairt chun cuimhne, go bhfuil tacaíocht bhreise uathu chun an tíreolaíocht fhisiciúil a cheangal le gníomhaíocht dhaonna agus eacnamaíoch. Mar fhreagairt, oiriúnaíonn sí an chéad cheacht eile chun cás-staidéir ghairide agus grianghraif atá nasctha leis an tSionainn a áireamh, ag díriú ar iompar, turasóireacht, feirmeoireacht agus cumhacht hidrileictreach.



Aiseolas

Tá aiseolas ina chuid dhílis den mheasúnú agus den fhoghlaim. Is idirghníomhaíocht thráthúil agus dhírithe é lena gcuidítear le daoine láidreachtaí a aithint, aghaidh a thabhairt ar mhíthuiscintí agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint. D'fhéadfadh sé a bheith de chineál briathartha, scríofa, físiúil, gothach, digiteach, piarthreoraithe nó dialógach.

Bíonn aiseolas luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- páistí a threorú i dtreo na gcéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama
- inspreagadh a chothú, iarracht a threisiú agus cuidiú le páistí dul chun cinn agus gnóthachtáil a aithint i ndáil lena réamhfhoghlaim féin
- cumas páistí a fhorbairt chun machnamh a dhéanamh, agus úinéireacht a ghlacadh, ar a gcuid foghlama
- bealaí éagsúla a aithint chun bheith ag foghlaim agus ag léiriú foghlama
- bonn eolais a chur faoi chinntí faoi Eispéiris Foghlama agus tacaíochtaí amach anseo.

Nuair a úsáidtear aiseolas go héifeachtach, bíonn sé:

- tráthúil agus freagrúil, agus smaointeoireacht agus tuiscint páistí á dtabhairt faoi deara ag múinteoirí trí leideanna, ceisteanna agus treoir
- dialógach agus caidreamhach, ag tacú le páistí a gcuid smaointeoireachta a mhíniú, ceisteanna a chur agus plé le haiseolas ó mhúinteoirí agus piaraí
- réamhbhreathnaitheach agus dírithe ar dhul chun cinn, ag cuidiú le páistí tuiscint a fháil ar an áit a bhfuil siad ina gcuid foghlama agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint chun a gcuid foghlama a fheabhsú nó a leathnú.

Cathain a bhíonn aiseolas an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn aiseolas an-úsáideach?
I dtús na foghlama	rud a bhíonn nasctha go minic le critéir ratha chomhroinnte, chun ionchais a shoiléiriú agus tacú le páistí tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le caighdeán
Le linn na foghlama	rud a thagann chun cinn go minic trí cheisteanna agus breathnóireacht, chun dul chun cinn a threorú agus cuidiú le páistí a gcuid foghlama a bheachtú agus a fheabhsú
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	ar minic a bhíonn modhanna measúnaithe eile mar bhonn eolais fúthu, chun léargais shonracha a sholáthar maidir le láidreachtaí, réimsí forbartha agus na chéad chéimeanna eile
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	chun tacú le hoiriúnuithe láithreacha, straitéisí éifeachtachta a neartú agus aghaidh a thabhairt ar mhíthuiscintí
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	i dteannta piarmheasúnú agus féinmheasúnú nó punann go minic, chun cuidiú le páistí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, dul chun cinn a aithint agus an dóigh a bhféadfaidís í a fheabhsú nó a leathnú a shainaithint.

Tábla 7: Aiseolas



Aiseolas

Aiseolas go praiticiúil

Le linn ceacht Corpoideachais ag Céim 1, cuireann Aoife gníomhaíocht léime ar bun sa halla. Ní mór do na páistí taisteal ó thaobh amháin den halla go dtí an taobh eile agus an 'fhoraois' a thrasnú trí léim thar bhacainní éagsúla (m.sh. cóin, málaí pónairí, cliatha beaga, fonsaí srl.). Tá an ghníomhaíocht deartha chun scileanna léime agus rialú gluaiseachta páistí a fhorbairt.

De réir mar a ghlacann na páistí páirt, soláthraíonn Aoife aiseolas ó bhéal bunaithe ar bhreathnóireacht. Tugann sí faoi deara go bhfuil roinnt páistí righin ina gcuid gluaiseachtaí agus nach bhfuil úsáid á baint acu as a gcolainn iomlán chun cuidiú leo léim chun faid. Chun tacú leo, cuireann sí ceisteanna orthu agus tugann sí leideanna sonracha dóibh amhail "Cén dóigh a bhféadfadh ár lámha cuidiú linn a bheith ag léim?" agus "bain triail as do lámha a luascadh siar agus ansin aniar go tapa."

Le linn na gníomhaíochta aithníonn sí páistí freisin atá ag tosú ar a gcuid léimeanna a fheabhsú, m.sh. "A Ethan, is aoibhinn liom go bhfuil tú ag tosú agus tú cromtha síos cosúil le tíogar sula bpléascann tú i do léimeanna."

Ós rud é go bhfuil roinnt páistí ag céim luath de rialú agus comhordú agus iad ag léim, stopann Aoife ar feadh tamall gearr chun aiseolas ranga uile a fháil. Déanann sí eiseamláiriú ar conas a chuidíonn sé léi a léim a fhadú trí chromadh síos agus trína lámha a luascadh siar agus aniar. Iarrtar ar na páistí féin é sin a thriail agus tabhairt faoi deara má chuidíonn sé leo freisin a léim a fheabhsú le linn na ngníomhaíochtaí lúthchleasaíochta ina dhiaidh sin sa cheacht corpoideachais.



Breathnóireacht

Is éard atá i gceist le breathnuithe páistí a thabhairt faoi deara agus éisteacht leo go gníomhach de réir mar a tharlaíonn an fhoghlaim. Áirítear leis sin an méid a chuireann páistí in iúl, a dhéanann siad, a léiríonn siad agus a chruthaíonn siad; an dóigh a dtéann siad i ngleic le tascanna agus a réitíonn siad fadhbanna; an dóigh a nglacann siad páirt, a n-idirghníomhaíonn siad agus a gcomhoibríonn siad; agus an dóigh a bhfreagraíonn siad do dhúshlán, aiseolas agus tacaíocht.

Bíonn breathnóireacht luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an dóigh a léiríonn páistí a gcuid foghlama a aithint trína gcuid gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí
- páistí a aithint mar fhoghlaimeoirí cumasacha
- foghlaim a aithint, arbh fhéidir nach mbeadh sí soiléir trí fhreagraí scríofa nó briathartha amháin
- léargais a bhailítear trí mhodhanna measúnaithe eile, trí léirmhíniú agus trí fhreagairt a shaibhriú.

Baintear úsáid as breathnóireacht:

- go spontáineach, faoi mar a tharlaíonn an fhoghlaim le linn gníomhaíochtaí, súgradh agus idirghníomhaíochta
- d'aon ghnó, chun gnéithe spriocdhírithe den fhoghlaim a thabhairt faoi deara agus chun aird a thabhairt orthu
- le himeacht aimsire, chun patrúin a shainaithint agus léargas níos leithne d'fhoghlaim agus dul chun cinn páistí a chruthú.

Cathain a bhíonn breathnóireacht an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn breathnóireacht an-úsáideach?
I dtús na foghlama	i dteannta ceisteanna, go minic, chun spéiseanna, eispéiris roimhe sin agus pointí iontrála don fhoghlaim a shainaithint
Le linn na foghlama	chun monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtaíocht agus fianaise a bhailiú ar an dóigh a bhfuil tuiscint agus scileanna á bhforbairt ag páistí, agus bonn eolais á chur faoi aiseolas go minic
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	chun aird a dhíriú ar ghnéithe d'fhoghlaim agus bonn eolais a chur faoi bhreithiúnais maidir le dul chun cinn
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	chun an dóigh a dtugann siad faoi fhoghlaim, a ndéanann siad cinntí agus a gcuireann siad straitéisí i bhfeidhm i gcomhthéacs a ghabháil
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	chun an dóigh a ndéanann páistí a gcuid foghlama a léiriú agus a chur in iúl a thabhairt faoi deara chomh maith leis an dóigh a bhfreagraíonn siad d'aiseolas.

Tábla 8: Breathnóireacht



Breathnóireacht

Breathnóireacht go praiticiúil

Le linn ceacht Innealtóireachta ag Céim 3, dearann agus tógann páistí fréamhshamhail agus ábhair athchúrsáilte á n-úsáid chun carr bréige a iompar. Roimh thosú, pléann an rang an tábhacht atá le dearaí a fheabhsú trí thriail is earráid. Faoi mar a thógann agus a thástálann na páistí a bhfréamhshamhlacha, breathnaíonn Múinteoir Seán conas a fhreagraíonn grúpaí do dhúshláin agus a bheachtaíonn siad a ndearaí. Tugann sé faoi deara go ndéanann roinnt grúpaí machnamh ar an bhfáth ar éirigh nó nár éirigh lena ndroichid agus úsáideann siad an fhaisnéis sin chun feabhsuithe a dhéanamh. Déanann grúpaí eile athruithe iomadúla go tapa agus bíonn frustrachas orthu nuair a thiteann a ndroichid anuas.

Ó na breathnuithe sin, aithníonn Múinteoir Seán go dtuigeann cuid mhór páistí an tábhacht atá le dearaí a thriail ach go bhfuil tuilleadh tacaíochta uathu chun úsáid a bhaint as triail is earráid chun a smaointe a fheabhsú. Stopann sé an ceacht agus iarrann sé ar ghrúpa amháin an dóigh ar fheabhsaigh siad a ndearadh droichid a léiriú. Agus úsáid á baint as an sampla sin, déanann sé teanga chuí a eiseamláiriú don rang: "Thug tú faoi deara go raibh an droichead míshocair, mar sin, neartaigh tú an bonn."

Trí leideanna, spreagtar páistí chun tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an bpróiseas ina mbeirteanna agus i ngrúpaí:

- "Cad é a d'fhoghlaim tú ó do chéad dearadh?"
- "Conas a cuireadh feabhas ar an droichead trí d'athruithe?"

Agus úsáid á baint as cláir bhána, pléann nó tarraingíonn siad mar fhreagairt don leid:

- "Cad é an chéad rud eile a d'fhéadfá a thriail?"

Ag tarraingt ar an bhfianaise a bailíodh trí bhreathnóireacht, oiriúnaíonn Múinteoir Seán na critéir ratha don chéad cheacht eile: Is féidir liom mo dhearadh a fheabhsú trí smaointe difriúla a thriail agus foghlaim ón méid a tharlaíonn.



Piarmheasúnú agus féinmheasúnú

Is éard atá i gceist le piarmheasúnú agus féinmheasúnú go ndéanann páistí machnamh ar a gcuid foghlama, go gcomhroinneann siad í agus go bpléann siad í, laistigh de thimpeallacht foghlama oscailte, mheasúil agus thacúil. Is minic a thacaíonn múinteoirí leis na cuir chuige sin, agus go ndéanann siad scafláil orthu, agus úsáid á baint as critéir nó spriocanna ratha soiléire agus comhroinnte, agus tacaíonn na cuir chuige sin le páistí chun bheith ina rannpháirtithe gníomhacha sa phróiseas measúnaithe, agus machnamh agus comhoibriú á bhforbairt agus úinéireacht ar a gcuid foghlama á méadú. Tacaíonn siad le páistí freisin chun aiseolas cuiditheach, measúil a thabhairt agus a fháil ar bhealaí atá cuí dá gcéim chumarsáide agus forbartha.

Tá piarmheasúnú agus féinmheasúnú luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- inniúlacht páistí a fhorbairt chun machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin, lena n-áirítear trí fhoirmeacha léirithe tacaithe nó neamhbhriathartha
- cuidiú le páistí láidreachtaí a aithint, na chéad chéimeanna eile a shainaithint agus caighdeán i bhfoghlaim a thuiscint
- comhoibriú, idirphlé agus freagracht chomhroinnte a spreagadh don fhoghlaim
- muinín, inspreagadh intreach agus tuiscint ar chumas gníomhúcháin a neartú
- léargais a bhailítear trí mhodhanna measúnaithe eile a chomhlánú nó a cheistiú.

Baintear úsáid as piarmheasúnú agus féinmheasúnú:

- go neamhfhoirmiúil, trí phlé agus machnamh le linn gníomhaíochtaí foghlama
- d'aon ghnó, trí dheiseanna pleanáilte do pháistí chun a gcuid saothair féin, nó saothar daoine eile, a athbhreithniú agus chun freagairt dó
- go freagrúil, trí pháistí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar aiseolas agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint.

Cathain a bhíonn piarmheasúnú agus féinmheasúnú an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn piarmheasúnú agus féinmheasúnú an-úsáideach?
I dtús na foghlama	agus úsáid á baint as critéir ratha chomhroinnte go minic, chun tacú le páistí tuiscint a fháil ar Fhóca(i)s Foghlama agus ar a bhfuil i gceist le foghlaim ar ardchaighdeán
Le linn na foghlama	agus tacaíocht á fáil chuige sin le haiseolas agus ceisteanna, chun cuidiú le páistí machnamh a dhéanamh ar a straitéisí agus ar a gcuir chuige phearsanta maidir le foghlaim agus chun oiriúnuithe eolasacha a dhéanamh
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	chun a chumasú do pháistí meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre agus feabhsuithe sonracha a shainaithint
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	chun tacú le machnamh comhoibríoch, idirphlé agus comhthuiscint ar fhoghlaim ar ardchaighdeán
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	nasctha le punanna in amanna, chun tacú le páistí dul chun cinn a aithint, úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint.

Tábla 9: Piarmheasúnú agus féinmheasúnú



Piarmheasúnú agus féinmheasúnú

Piarmheasúnú agus féinmheasúnú go praiticiúil

Ó thús na bliana, thacaigh an tUasal de Búrca leis na páistí ina rang a trí chun tabhairt faoi phiarmheasúnú agus féinmheasúnú mar chuid den phróiseas scríbhneoireachta. Ag tarraingt ar dhánta Haiku a fiosraíodh le linn ceachtanna filíochta, comhchruthaíonn an tUasal de Búrca agus na páistí critéir ratha shoiléire dá gcuid scríbhneoireachta féin.

- Bunaithe ar théama an dúlra
- Trí líne (Líne 1–5 shiolla; Líne 2–7 siolla; Líne 3–5 shiolla)
- Úsáidtear teanga chun cur síos a dhéanamh atá ceangailte leis na céadfaí inti

Ansin, léann na páistí saothar a chéile agus malartaíonn siad aiseolas le comhpháirtí agus úsáid á baint as na critéir ratha. Tacaíonn an tUasal de Búrca le plé trí thosaitheoirí abairtí a sholáthar amhail:

- "Rud amháin a chuidigh liom an radharc a shamhlú ba ea..."
- "Ní fheadar an bhféadfá tuilleadh sonraí a thabhairt faoi..."

Le linn malartú amháin, luann comhpháirtí Amir: "Is féidir liom na héin a shamhlú, ach b'fhéidir go bhféadfá cur síos a dhéanamh ar an dóigh a ngluaiseann siad." Tuigeann Amir, cé go leanann a dhán an struchtúr siollaí ceart, go bhféadfadh sé an t-íomháineachas a neartú don léitheoir. Athraíonn sé an líne: "Imíonn na héin ar eiteog" go "Téann éin bheaga ar foluain."

Trí phiarmheasúnú agus féinmheasúnú, foghlaimíonn páistí le machnamh a dhéanamh ar chaighdeán, meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid roghanna agus athdhréachtú go diongbháilte. Úsáideann an tUasal de Búrca na comhráite aiseolais freisin chun riachtanais choiteanna a shainaithint ar fud an ranga agus pleanálann sé ceacht leantach ar íomháineachas agus teanga chéadfach.



Punanna

Is éard is punann ann bailiúchán de shaothar páiste, a roghnaíonn agus a choimeádann an páiste, i gcomhar leis an múinteoir. Léirítear léi a gcuid foghlama agus forbartha le himeacht aimsire ar fud réimsí curaclaim difriúla. Le punanna tacaítear le machnamh, spriocanna a leagan síos agus féinmheasúnú, fad a chuirtear béim ar ghuthanna, peirspictíochtaí, eispéiris agus gnóthachtálacha páistí. D'fhéadfadh déantúsáin labhartha, shínithe, scríofa, fhísiúla nó dhigiteacha amhail líníochtaí, taifeadtaí, grianghraif, tionscadail agus machnaimh a bheith san áireamh iontu agus d'fhéadfaidís a bheith i bhfoirmeacha fisiciúla, digiteacha nó cumaiscthe de réir an chomhthéacs agus riachtanais an pháiste.

Tá punanna luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- foghlaim, dul chun cinn agus gnóthachtálacha páistí a aithint agus a cheiliúradh
- tacú le páistí machnamh a dhéanamh agus ciall a bhaint as a gcuid Eispéireas Foghlama
- léargas ar spéiseanna, láidreachtaí agus réimsí forbartha páistí a sholáthar
- an fhoghlaim a dhéanamh infheicthe trí réimse déantúsán agus léirithe a coimeádadh go cúramach agus go diongbháilte
- tacú le measúnú ionchuimsitheach trí luach a chur le bealaí atá éagsúil agus tairbheach go pearsanta chun an fhoghlaim a léiriú.

Baintear úsáid as punanna:

- go comhoibríoch, chun tacú le páistí déantúsáin lena léirítear an fhoghlaim ar a gcuireann siad luach a roghnú
- go machnamhach, trí idirphlé faoi roghanna páistí agus faoin méid a léirítear leo faoin bhfoghlaim
- go tairbheach, chun cuidiú le páistí ceangail a dhéanamh ar fud Eispéiris Foghlama agus machnamh a dhéanamh ar a bhfás agus ar a ndul chun cinn le himeacht aimsire.

Cathain a bhíonn punanna an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn punanna an-úsáideach?
I dtús na foghlama	Chun cuir chuige a bhunú chun foghlaim atá tairbheach don pháiste a ghabháil agus a roghnú
Le linn na foghlama	Chun tacú le páistí an chaoi a bhfoghlaimíonn siad agus an dul chun cinn atá déanta acu le himeacht ama a aithint, a chur in iúl agus a cheiliúradh
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	Chun déantúsáin a roghnú, chun teacht ar ais chucu agus chun iad a phlé, ar déantúsáin iad lena léirítear foghlaim shuntasach
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	chun fianaise éagsúil ar fhoghlaim, forbairt agus/nó dul chun cinn a ghabháil ar bhealaí atá tairbheach don pháiste
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	agus piarmheasúnú agus féinmheasúnú á gcomhtháthú go minic, chun tacú le páistí fás pearsanta a aithint, ceangail a dhéanamh ar fud a gcuid foghlama agus a gcuid foghlama a chomhroinnt le daoine eile.

Tábla 10: Punanna



Punanna go praiticiúil


I dtús na bliana, pléann an rang a sé atá ag Karen spriocanna foghlama agus fiosraíonn siad an dóigh a bhféadfadh punann foghlama phearsanta cuidiú leo a ndul chun cinn aonair a dhoiciméadú agus a cheiliúradh le himeacht aimsire. Ar dtús, soláthraíonn Karen leideanna struchtúrtha chun tacú le machnamh agus le roghnú saothair. De réir mar a théann an bhliain ar aghaidh, aistrítear an fhreagracht chuig na páistí de réir a chéile, agus tosaíonn siad ar roghnú a dhéanamh ar shaothar go neamhspleách lena léirítear dul chun cinn, dúshlán nó gnóthachtáil phearsanta agus é á nascadh le spriocanna foghlama sonracha.

Baineann Dónal taitneamh as Ealaín agus sainaithníonn sé feabhas a chur ar scileanna líníochta mar sprioc phearsanta do rang a sé. Úsáideann sé a phunann chun an dul chun cinn a dhoiciméadú trí ghrianghraif agus samplaí de líníochtaí a chur san áireamh i dteannta machnaimh ghairide ar theicnící agus feabhsuithe le himeacht aimsire.

Tá an-spéis ag Amy in ETIM agus tá súil aici a bheith ina hinnealtóir. Cruthaíonn sí punann dhigiteach agus úsáid á baint as teanga go téacs agus uirlisí digiteacha eile chun taifead agus machnamh a dhéanamh ar thurgnaimh eolaíochta agus dúshláin innealtóireachta. Déanann sí ceangail freisin idir a cuid foghlama agus staidéar ar innealtóirí agus eolaithe suntasacha san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta.

Ar feadh na bliana, spreagann Karen páistí chun machnaimh agus breathnuithe a chomhroinnt faoina gcuid foghlama le piaraí, le tuismitheoirí agus leis an múinteoir. Tacaíonn sí le páistí freisin chun príomhinniúlachtaí a léirítear trína gcuid oibre a shainaithint, rud a chuidíonn le húinéireacht, machnamh agus tuiscint ar dhul chun cinn a neartú le himeacht aimsire.

I dtreo dheireadh na bliana, déanann páistí na píosaí is fearr a thugann léiriú orthu mar fhoghlaimeoirí a choimeád go neamhspleách agus ullmhaíonn siad machnaimh ghairide chun tacú le comhráite aistrithe lena múinteoir nua nó lena n-iar-bhunscoil.



Foghlaim bunaithe ar thionscadal

Trí fhoghlaim bunaithe ar thionscadal, cumasaítear do pháistí a gcuid foghlama a thaispeáint, a léiriú agus a chur in iúl trí thascanna foghlama eispéireasaí nó tascanna atá bunaithe ar fhiosrú agus atá marthanach agus leathnaithe. Mar mhodh measúnaithe, soláthraíonn sí léargais shaibhre ar eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna páistí, lena n-áirítear a gcruthaitheacht, a réiteach fadhbanna, a smaointeoireacht chriticiúil agus a gcumas chun foghlaim a chur i bhfeidhm ar fud comhthéacsanna difriúla agus comhthéacsanna fíorshaoil. Tacaíonn sí freisin le cumas gníomhúcháin, rogha agus úinéireacht foghlama páistí.

Tá foghlaim bunaithe ar thionscadal luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- dearcadh iomlánaíoch ar fhoghlaim páistí a sholáthar (eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna)
- a chumasú do pháistí cruthaitheacht, réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht chriticiúil a léiriú
- cumas gníomhúcháin, rogha agus úinéireacht foghlama páistí a spreagadh
- léargais a fháil ar phríomhinniúlachtaí páistí
- léargais a fháil ar conas a dhéanann páistí ginearálú ar a gcuid eolais agus scileanna ar fud comhthéacsanna athraitheacha agus comhthéacsanna fíorshaoil.

Baintear úsáid as foghlaim bunaithe ar thionscadal:

- d'aon ghnó, trí Eispéiris Foghlama leathnaithe a dhearadh dírithe ar cheisteanna, fadhbanna nó réimsí fiosrúcháin tairbheacha
- go comhoibríoch, trí thacú le páistí a gcuid foghlama a fhiosrú, a chruthú, a chur i láthair agus a chomhroinnt ina nduine is ina nduine agus le daoine eile
- go machnamhach, trí dheiseanna leanúnacha le haghaidh aiseolais, plé, beachtú agus féinmheasúnú ar feadh an tionscadail
- go freagrúil, trí thionscadail a oiriúnú mar fhreagairt do spéiseanna, smaointeoireacht agus foghlaim páistí atá ag teacht chun cinn
- go hiomlánaíoch, trí tharraingt ar fhianaise a bailíodh ar feadh an tionscadail, i dteannta faisnéis mheasúnaithe eile, chun tuiscint níos leithne ar fhoghlaim agus dul chun cinn páistí a fhorbairt.

Cathain a bhíonn foghlaim bunaithe ar thionscadal an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn foghlaim bunaithe ar thionscadal an-úsáideach?
I dtús na foghlama	agus ceisteanna agus critéir ratha chomhroinnte mar thaca léi go minic, chun fócas, cuspóir agus treo an fhiosrúcháin nó an mhionstaidéir leathnaithe a bhunú
Le linn na foghlama	i dteannta breathnóireachta agus aiseolais go minic, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, an fhoghlaim a dhéanamh infheicthe agus chun tacú le cinntí foghlama
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	i dteannta breathnóireachta, aiseolais agus comhdhálú go minic, chun dul chun cinn a athbhreithniú, saothar a bheachtú agus tuiscint a neartú trí aiseolas agus machnamh
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	ag tarraingt go minic ar mhodhanna measúnaithe eile chun an dóigh a gcuireann siad eolas, scileanna agus straitéisí i bhfeidhm a fhiosrú
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	atá nasctha, uaireanta, le punanna nó piarmheasúnú nó féinmheasúnú, chun tacú le páistí meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre, gnóthachtálacha a aithint agus réimsí le haghaidh tuilleadh forbartha a shainaithint.

Tábla 11: Foghlaim bunaithe ar thionscadal



Foghlaim bunaithe ar thionscadal

Foghlaim bunaithe ar thionscadal go praiticiúil

In Eispéireas Foghlama NTI do rang a ceathair, tá feasacht á cothú ag rang Helen ar theangacha agus cultúir trí fhoghlaim bunaithe ar thionscadal. Oibríonn siad i ngrúpaí beaga chun forbairt a dhéanamh ar thionscadal lena bhfiosraítear cultúir ar theagmhaigh siad leo nó a bhfuil spéis acu iontu, lena n-áirítear a gceann féin. Ar na gnéithe de chultúr a d'fhéadfaidís a fhiosrú tá traidisiúin, ealaín, amhráin, féilte, srl. Fiosraíonn páistí scéalta, nathanna, beannachtaí agus stór focal bunúsach freisin. Déanann páistí taighde agus cuireann siad a dtorthaí i láthair fad a thaispeánann siad conas a bhailigh agus a d'eagraigh siad fianaise.

Nuair a roghnaíonn grúpaí a réimse fócais, tacaíonn Helen leo chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóigh ar mhian leo a dtionscadal a fhorbairt agus a chur i láthair. Roghnaíonn páistí as réimse cur chuige lena n-áirítear:

- póstaeir mhóra
- cuir i láthair dhigiteacha
- samhlacha
- taispeántais fhísiúla agus amlínte.

Ar feadh an phróisis, déanann Helen comhdhálú le grúpaí, agus páistí á spreagadh chun a gcuid torthaí ar tháinig siad orthu a chomhroinnt agus machnamh a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach a oibríonn siad le chéile. Trí bheith ag tabhairt faoi fhoghlaim bunaithe ar thionscadal, tacaítear le páistí feasacht a fhorbairt ar réimse cultúr a bhfuil spéis acu iontu. Forbraíonn siad scileanna taighde, comhoibrithe agus cumarsáide freisin.



Ceistiúchán

Is éard atá i gceist le ceistiúchán úsáid a bhaint as ceisteanna dea-chumtha, neamhiata, géara agus spreagtha chun fianaise ar fhoghlaim páistí a mhealladh agus a fhiosrú trí idirphlé, idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht in Eispéiris Foghlama. Trí cheistiúchán éifeachtach spreagtar páistí chun smaointe a chomhroinnt, a gcuid réasúnaíochta a mhíniú, ceangail a dhéanamh, peirspictíochtaí difriúla a mheas agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama.

Tá ceistiúchán luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- smaointeoireacht agus déanamh céille páistí a dhéanamh infheicthe
- tacú le páistí chun a gcuid réasúnaíochta a mhíniú, peirspictíochtaí difriúla a mheas agus a thairiscint agus tabhairt faoi fhoghlaim dhomhain
- freagairt i bhfíor-am do láidreachtaí, riachtanais agus míthuiscintí páistí
- léargais a bhailítear trí mhodhanna measúnaithe eile a chomhlánú agus a neartú
- tacú le measúnú ionchuimsitheach trí bhealaí difriúla chun tuiscint a chur in iúl, chun bheith ag smaoineamh agus chun tuiscint a léiriú.

Baintear úsáid as ceistiúchán:

- go spontáineach, mar fhreagairt do smaointe agus gníomhartha páistí
- d'aon ghnó, chun féachaint i ndiaidh gnéithe sonracha d'Fhóca(i)s Foghlama
- go straitéiseach, laistigh d'idirghníomhaíochtaí amhail comhdhálú nó comhráite aiseolais, chun smaointeoireacht a neartú, barúlacha a cheistiú agus tacú le dul chun cinn.

Cathain a bhíonn ceistiúchán an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn ceistiúchán an-úsáideach?
I dtús na foghlama	chun réamheolas, eispéiris agus míthuiscintí a mhealladh agus pointí iontrála cuí don fhoghlaim a shainaithint
Le linn na foghlama	agus breathnóireacht agus aiseolas á gcomhlánú go minic, chun monatóireacht a dhéanamh ar thuiscint, smaointeoireacht a leathnú agus bonn eolais a chur faoi fhreagraí teagaisc láithreacha
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	chun aird a dhíriú ar choincheapa, scileanna agus próisis thábhachtacha
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	chun a réasúnaíocht, a gcinnteoireacht agus cur i bhfeidhm a bhfoghlama a fhiosrú
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	a bhíonn nasctha le punanna nó féinmheasúnú nó piarmheasúnú go minic, chun tacú le páistí a gcuid foghlama a chur in iúl agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint.

Tábla 12: Ceistiúchán



Ceistiúchán

Ceistiúchán go praiticiúil

Le linn ceacht OSI do rang a cúig lena bhfiosraítear saincheisteanna comhshaoil áitiúla, úsáideann Éabha ceistiúchán chun tacú le páistí tuairimí a chur in iúl agus smaointe a chosaint.

Agus úsáid á baint as grianghraif agus leideanna gairide, fiafraíonn sí:

- "Cad iad na fadhbanna atá sa cheantar?"
- "Cad is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú?"
- "Cén fáth a gceapann tú é sin?"

Freagraíonn na páistí agus úsáid á baint as frásaí agus abairtí leathnaithe. Tugann Éabha faoi deara, cé go gcomhroinneann cuid mhór páistí tuairimí go muiníneach, go mbíonn roinnt acu ag brath ar stór focal teoranta agus go mbíonn deacracht acu freagraí a leathnú nó a chosaint.

Ag tarraingt ar an bhfianaise sin, déanann Éabha eiseamláiriú ar struchtúir abairte chruinne agus ar stór focal saibhir agus úsáid á baint as leideanna agus plé comhoibríoch:

- "Sílim go bhfuil…"
- "Tá sé tábhachtach mar…"
- "D'fhéadfaimis…"

Soláthraíonn sí deiseanna freisin chun plé a dhéanamh i mbeirteanna agus chun cleachtadh a dhéanamh ó bhéal roimh chomhroinnt ranga uile. Trí cheistiúchán agus idirphlé, faigheann Éabha léargas ar fhorbairt teanga, ar chruinneas agus ar chumas páistí chun smaointe a chur in iúl agus a chosaint. Úsáideann sí an fhaisnéis sin chun tacaíocht a oiriúnú agus deiseanna a leathnú le haghaidh teanga ó bhéal, rannpháirtíochta agus dul chun cinn.



Rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte

Tá rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte ina n-uirlisí soiléire agus inrochtana a thacaíonn le múinteoirí agus páistí chun an fhoghlaim a dhéanamh infheicthe agus follasach. Le critéir ratha chomhroinnte déantar cur síos, ar bhealaí tairbheacha, ar a bhfuil i gceist le foghlaim rathúil, cuidíonn seicliostaí le páistí príomhghnéithe den fhoghlaim a shainaithint, agus soláthraíonn rúibricí cur síos níos mionsonraithe ar chaighdeán agus dul chun cinn. Bíonn an éifeacht is mó leis na modhanna measúnaithe sin nuair atá siad comhchruthaithe, soiléir, ábhartha agus ceangailte le Fóca(i)s Foghlama, agus tacaíonn siad le tuiscint, machnamh, aiseolas agus úinéireacht mhéadaitheach ar an bhfoghlaim.

Tá rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ionchais a shoiléiriú agus tacú le comhthuiscint ar Fhóca(i)s Foghlama
- cuidiú le páistí a bhfuil i gceist le caighdeán a aithint ina gcuid foghlama
- tacú le machnamh a dhéanamh ar láidreachtaí, réimsí le haghaidh forbartha agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim
- aiseolas a threorú agus bonn eolais a chur faoi fhoghlaim agus teagasc amach anseo
- tacú le comhsheasmhacht i measúnú ar fud comhthéacsanna difriúla.

Baintear úsáid as rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte:

- go comhoibríoch, trí chritéir ratha a chomhchruthú nó a chomhroinnt chun tacú le comhthuiscint ar ionchais agus caighdeán san fhoghlaim
- go machnamhach, trí sheicliostaí nó critéir a úsáid le linn na foghlama chun fócas a threorú, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus tacú le féinmheasúnú agus piarmheasúnú
- d'aon ghnó, trí úsáid a bhaint as rúibricí chun cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn agus tacú le tuiscint níos doimhne ar chaighdeán san fhoghlaim
- go dialógach, trí cheisteanna, trí chomhdhálú agus trí phlé, chun critéir a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhealaí tairbheacha.

Cathain a bhíonn rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte an-úsáideach?
I dtús na foghlama	rud a fhorbraítear go minic trí phlé agus ceisteanna, chun rúin foghlama a shoiléiriú agus comhthuiscint a bhunú ar a bhfuil i gceist le rath
Le linn na foghlama	agus is minic a úsáidtear í i dteannta aiseolais, chun fócas a threorú, tacú le féinmheasúnú agus cuidiú le páistí monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	chun tacú le breithiúnais faoi chaighdeán agus dul chun cinn san fhoghlaim
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	chun tacú le cinnteoireacht agus critéir a chur i bhfeidhm go tairbheach, rud a bhíonn comhtháite le piarmheasúnú agus féinmheasúnú go minic
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	chun tacú le páistí meastóireacht a dhéanamh ar a saothar, dul chun cinn a aithint agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint, rud a úsáidtear go minic i gcomhar le punanna agus aiseolas.

Tábla 13: Rúbricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte



Rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte

Critéir ratha chomhroinnte go praiticiúil

Le linn tionscadal faoi speicis atá i mbaol, comhchruthaíonn Shane agus a rang measctha ag Céim 4 rúibric chun tacú le cuir i láthair físeáin a fhorbairt. Le chéile, sainaithníonn siad critéir a bhaineann le tuiscint eolaíochta, úsáid fianaise, cumarsáid a dhéanamh agus freagairt d'aiseolas ó phiaraí.

Faoi mar a dhéanann Shane athbhreithniú ar chur i láthair físeáin Anita ar an turtar frithghobach, úsáideann sé an rúibric chun cuidiú lena cuid foghlama a léirmhíniú seachas í a úsáid mar scéim mharcála. Tugann sé faoi deara go míníonn Anita gnáthóg an turtair agus a stádas i mbaol agus úsáid á baint as stór focal eolaíochta cuí. Neartaíonn sí a cur i láthair trí ghraf a áireamh lena léirítear meath an daonra agus léarscáil imirce lipéadaithe.

Cuimhníonn Shane freisin ar an dóigh ar fhreagair Anita d'aiseolas ó phiaraí trí shleamhnán deiridh a chur isteach lena dtugtar gníomhaíochtaí le fios a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh chun cuidiú leis na speicis a chosaint. Ag tarraingt ar an bhfianaise sin, aithníonn Shane gur fhorbair Anita tuiscint láidir ar an inneachar eolaíochta agus ar chuspóir na cumarsáide áitithí araon. Sainaithníonn sé an chéad chéim eile le tacú le Anita chun míniú níos soiléire a thabhairt ar an bhfáth ar féidir le gníomhaíochtaí ar leith difear a dhéanamh agus beartaíonn sé an méid sin a eiseamláiriú ar bhealach níos follasaí i gceacht leantach.

Tugann Shane faoi deara freisin go raibh deacracht ag roinnt páistí graif a lipéadú go cruinn. Mar fhreagairt, pleanálann sé deiseanna chun teacht ar ais chuig graif agus céatadáin a léirmhíniú le linn an chéad cheachta Matamaitice eile. Agus úsáid á baint as rúibricí, tacaíonn Shane le páistí chun comhthuiscint ar chaighdeán a fhorbairt, agus aiseolas á léiriú agus na chéad chéimeanna tairbheacha eile san fhoghlaim á sainaithint.

Trialacha Caighdeánaithe

Le linn a gcuid ama ar scoil, déanfaidh páistí roinnt trialacha caighdeánaithe. Tá an chuid is mó acu ina dtrialacha gnóthachtála, cé go bhféadfadh páistí áirithe measúnuithe níos speisialaithe a dhéanamh freisin – curtha i gcrích ag gairmithe seachtracha. Le trialacha caighdeánaithe soláthraítear faisnéis struchtúrtha agus inchomparáide faoi ghnéithe áirithe d'fhoghlaim páistí, agus é á aithint nach bhfuil sna torthaí ach foinse amháin fianaise a bailíodh ag pointe ama ar leith. Tacaíonn sin le múinteoirí patrúin a shainaithint i láidreachtaí agus i réimsí le haghaidh forbartha agus rannchuidíonn sin le léargas níos leithne a fháil ar ghnóthachtáil páistí.

Tá trialacha caighdeánaithe luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- patrúin i ngnóthachtáil a shainaithint ar fud grúpaí páistí
- bonn eolais a chur faoi chinntí faoi sholáthar tacaíochta agus idirghabháil
- bonn eolais a chur faoi ullmhúchán agus pleanáil ar leibhéal ranga, scoile nó córais
- láidreachtaí agus réimsí ina bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil ó pháistí a shainaithint
- feidhmíocht a chur i gcomparáid le himeacht aimsire, nó le noirm náisiúnta
- cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile.

Is iondúil go n-úsáidtear trialacha caighdeánaithe ar bhealach pleanáilte agus struchtúrtha, rud a riartar ag pointí sonracha sa scoilbhliain; rud a dhéantar i gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe chun comhsheasmhacht a chinntiú; agus rud a scóráiltear agus a léirmhínítear agus treoirlínte caighdeánaithe á n-úsáid. I gcás ina n-úsáidtear sin, ba cheart trialacha caighdeánaithe a riaradh, a léirmhíniú agus a scóráil mar a ordaítear sa lámhleabhar trialach. Má léirítear aimhrialtacht sna torthaí idir scór páiste agus ionchas múinteora, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach eatraimh mhuiníne agus earráidí tomhais a athbhreithniú.

Is éard atá i gceist le húsáid éifeachtach a bhaint as trialacha caighdeánaithe torthaí trialacha a mheas i dteannta faisnéis mheasúnaithe eile, lena n-áirítear fianaise rangbhunaithe ar fhoghlaim, chun go sainaithneofar patrúin agus treochtaí nó patrúin le himeacht aimsire. Bíonn trialacha caighdeánaithe ar an leibhéal is tairbhí nuair a úsáidtear iad mar fhoinse amháin fianaise laistigh de thuiscint níos leithne ar fhoghlaim agus eispéiris an pháiste.

Cathain a bhíonn trialacha caighdeánaithe an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn trialacha caighdeánaithe an-úsáideach?
Ag pointí sainaitheanta sa scoilbhliain	chun léargas struchtúrtha a sholáthar ar fheidhmíocht páistí i réimsí sonracha
Le himeacht aimsire	chun patrúin i ngnóthachtáil a rianú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar fud bliainghrúpaí, agus fianaise fhadaimseartha eile á comhlánú
Ag príomhphointí sa phleanáil agus san athbhreithniú	chun feidhmíocht páiste a mheas i gcoibhneas le patrúin ghnóthachtála náisiúnta, agus beachtas méadaithe á thairiscint faoi ghnéithe sonracha den fhoghlaim
Agus faisnéis á comhroinnt	chun rannchuidiú le comhthuiscint níos leithne ar an bhfoghlaim le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile, i dteannta fianaise rangbhunaithe ar fhoghlaim
Ag leibhéal córais	chun rannchuidiú le tuiscint níos leithne ar phatrúin i ngnóthachtáil agus chun bonn eolais a chur faoi bheartas, pleanáil agus leithdháileadh acmhainní.

Tábla 14: Trialacha caighdeánaithe



Trialacha caighdeánaithe

Trialacha caighdeánaithe go praiticiúil

I ndeireadh na scoilbhliana, riarann múinteoirí i Scoil Náisiúnta Bhríde trialacha caighdeánaithe i léitheoireacht na Gaeilge i gcomhréir le nósanna imeachta na scoile agus treoir náisiúnta. Cuimhnítear ar na torthaí i dteannta fianaise rangbhunaithe ar an bhfoghlaim, lena n-áirítear breathnuithe, comhdhálacha léitheoireachta, samplaí oibre agus faisnéis mheasúnaithe leanúnach.

Tar éis anailís a dhéanamh ar thorthaí trialach léitheoireachta caighdeánaithe, tugann Múinteoir Nowak faoi deara, cé gur féidir le cuid mhór páistí ina rang a dó focail a dhíchódú go cruinn, go mbíonn deacracht le stór focal agus tuiscint na léitheoireachta ag daoine áirithe, go háirithe agus téacsanna nach bhfuil cur amach orthu á léamh go neamhspleách.

Ag tarraingt ar an bhfianaise sin, déanann Múinteoir Nowak athbhreithniú ar dhialanna léitheoireachta páistí, nótaí léitheoireachta treoraithe agus gníomhaíochtaí teanga ó bhéal. Tugann sí pátrúin chosúla faoi deara le linn plé seomra ranga, inar féidir le páistí áirithe faisnéis a thabhairt chun cuimhne go díreach ó théacs ach go dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu chun bríonna focal a mhíniú, tátal a bhaint as brí agus carachtair nó imeachtaí a phlé go mion.

Agus úsáid á baint as léargais a bailíodh as trialacha caighdeánaithe agus measúnú rangbhunaithe araon, pleanálann Múinteoir Nowak deiseanna chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- forbairt stóir focal a neartú trí ghníomhaíochtaí comhroinnte léitheoireachta agus teanga ó bhéal
- tacaíocht bhreise a sholáthar chun téacsanna a phlé agus a léirmhíniú
- modhanna tuisceana a eiseamláiriú amhail tuar, ceisteanna agus achoimriú
- deiseanna a mhéadú do pháistí chun a gcuid smaointeoireachta a mhíniú agus a chosaint le linn gníomhaíochtaí léitheoireachta
- cumarsáid a dhéanamh le múinteoir na bliana seo chugainn chun bonn eolais a chur faoi leanúnachas foghlama, forbartha agus dul chun cinn do na páistí.

Ar leibhéal scoile uile, déanann an fhoireann athbhreithniú ar phatrúin ar fud bliainghrúpaí agus sainaithníonn sí stór focal agus tuiscint mar réimsí le haghaidh fócas leanúnach laistigh de phleanáil litearthachta.

Nuair a bhuaileann sí le tuismitheoirí agus nuair a thuairiscíonn sí dóibh, úsáideann Múinteoir Nowak na torthaí trialach i dteannta fianaise rangbhunaithe chun tacú le plé faoi láidreachtaí agus dul chun cinn páistí agus faoina gcéad chéimeanna eile sa léitheoireacht.



Spotsolas ar: Scóir mheasúnaithe de réir an noirm a léirmhíniú

Le measúnuithe de réir an noirm déantar comparáid idir feidhmíocht páiste agus feidhmíocht grúpa noirm páistí d'aois nó leibhéal ranga cosúil. Soláthraíonn siad faisnéis faoi fheidhmíocht choibhneasta agus d'fhéadfaidís cuidiú le patrúin i ngnóthachtáil a shainaithint le himeacht aimsire. Nuair a bhaintear úsáid mhachnamhach astu, is féidir le faisnéis mheasúnaithe de réir an noirm tacú le cinntí níos eolasaí faoi fhoghlaim, teagasc agus tacaíocht.

Le linn faisnéis mheasúnaithe de réir an noirm a léirmhíniú, is den tábhacht cuimhneamh ar an méid seo a leanas:

- déantar scóir a normú in aghaidh feidhmíocht grúpa níos leithne páistí d'aois nó leibhéal ranga cosúil, rud a tharraingítear, de ghnáth, as daonraí agus grúpaí déimeagrafacha ar leith
- léirítear feidhmíocht ag pointe ama ar leith le scóir
- le scóir soláthraítear meastachán ar fheidhmíocht seachas tomhas beacht ar an bhfoghlaim
- ba cheart scóir a léirmhíniú go cúramach, agus é á aithint go n-athraíonn measúnuithe ina n-iontaofacht (comhsheasmhacht torthaí) agus ina mbailíocht (cé chomh cuí agus tairbheach atá an measúnú chun foghlaim páistí a thuiscint)
- is gnách an rud é athruithe áirithe a bheith i scóir le himeacht aimsire
- d'fhéadfaí tionchar a imirt ar fheidhmíocht le tosca amhail imní, comhdhíriú, tuirse, éilimh theanga, muinín nó cur amach ar an bhformáid mheasúnaithe
- ba cheart scóir ísle a fhiosrú a thuilleadh seachas iad a léirmhíniú astu féin.

Le linn torthaí a phlé le tuismitheoirí nó caomhnóirí, d'fhéadfadh sé gur ghá do mhúinteoirí a mhíniú nach soláthraítear le faisnéis mheasúnaithe de réir an noirm ach peirspictíocht amháin ar fhoghlaim agus dul chun cinn páistí.





Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir

Tá na tascanna agus na trialacha a dhearann múinteoirí ina gcuir chuige mheasúnaithe phleanáilte lena gcumasaítear do mhúinteoirí fianaise dhírithe ar fhoghlaim páistí a bhailiú i ndáil le gnéithe sonracha d'Fhóca(i)s Foghlama. D'fhéadfadh tascanna a bheith i réimse leathan foirmeacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí scríofa, labhartha, sínithe, praiticiúla, feidhmíochtbhunaithe nó ilmhódacha, agus is iondúil go mbíonn trialacha níos struchtúrtha agus deartha chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe spriocdhírithe den fhoghlaim. Nuair atá siad ailínithe le critéir ratha ar mhaithe le soiléire agus comhsheasmhacht, is féidir na modhanna measúnaithe sin a dhearadh chun an comhthéacs foghlama a léiriú agus chun teacht le láidreachtaí páistí. Ar an dóigh sin, soláthraíonn siad deiseanna tairbheacha agus inrochtana do pháistí chun a gcuid foghlama a thaispeáint, a léiriú agus a chur in iúl.

Tá tascanna agus trialacha a dhearann múinteoirí luachmhar go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- fianaise dhírithe ar fhoghlaim páistí a bhailiú i ndáil le Fóca(i)s Foghlama
- láidreachtaí, míthuiscintí agus réimsí le haghaidh forbartha a shainaithint
- tacú le páistí a gcuid foghlama a léiriú trí chineálacha tairbheacha léirithe agus léiriúcháin
- aiseolas a threorú agus bonn eolais a chur faoi fhoghlaim, teagasc, tacaíocht agus dul chun cinn amach anseo
- rannchuidiú, i dteannta modhanna measúnaithe eile, le tuiscint níos leithne ar fhoghlaim páistí.

Baintear úsáid as tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir:

- ar bhealaí atá pleanáilte agus freagrúil araon
- d'aon ghnó, trí thascanna nó trialacha atá ailínithe le Fóca(i)s Foghlama a dhearadh
- go solúbtha, agus tascanna á n-oiriúnú don chomhthéacs, don chuspóir agus do riachtanais na bpáistí
- go freagrúil, agus úsáid á baint as fianaise agus torthaí chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile.

Cathain a bhíonn tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir an-úsáideach?	Cad chuige a mbíonn tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir an-úsáideach?
I dtús na foghlama	*i gcás inar cuí*, chun réamheolas, tuiscint nó scileanna i ndáil le spriocanna foghlama sonracha a shainaithint, rud a bhíonn comhlánaithe le ceisteanna go minic
Le linn na foghlama	i dteannta breathnóireachta agus aiseolais go minic, chun tuiscint a sheiceáil, míthuiscintí a shainaithint agus teagasc a threorú
Ag príomhphointí in Eispéireas Foghlama	chun fianaise dhírithe ar dhul chun cinn a bhailiú i ndáil le gnéithe ar leith den fhoghlaim
Nuair a thugann páistí faoi ghníomhaíochtaí, tascanna, fiosrúcháin nó réiteach fadhbanna	le deiseanna struchtúrtha a sholáthar chun an fhoghlaim a léiriú ar bhealaí difriúla, a mbíonn rúibricí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte mar thaca leis sin go minic
Le linn machnaimh agus athbhreithnithe	chun tacú le torthaí a léirmhíniú agus bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile.

Tábla 15: Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir



Tascanna agus trialacha a dhearann an Múinteoir

Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir go praiticiúil

Úsáideann Múinteoir Niamh tasc a dhearann an múinteoir chun measúnú a dhéanamh ar an tuiscint atá ag na páistí i rang a dó ar an saol san am a chuaigh thart agus ar a scileanna scríbhneoireachta tuairiscí. Tacaíonn an tasc freisin leis an measúnú ar chumas páistí chun faisnéis a eagrú go soiléir agus úsáid a bhaint as stór focal cuí a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith.

Le linn an chéad cheachta, roghnaíonn gach páiste topaic atá nasctha leis an saol san am a chuaigh thart, amhail scoileanna, bailte, bréagáin nó iompar. Cuireann páistí eagraí grafach i gcrích le ceannteidil lena n-áirítear:

- Fadó agus anois
- Na hábhair a úsáideadh
- An saol laethúil
- Cosúlachtaí agus difríochtaí.

I gcás nach mbeidh páistí cinnte d'fhaisnéis, úsáideann siad leabhair, grianghraif agus uirlisí digiteacha chun tacú le taighde.

Sa dara rang, úsáideann páistí a n-eagraithe grafacha chun tuairisc ghearr a scríobh agus úsáid á baint as ceannteidil agus stór focal cuí. Scríobhann páistí áirithe a dtuairiscí de láimh, agus úsáideann páistí eile uirlisí teanga go téacs chun tacú le rochtain agus líofacht. Faoi mar a oibríonn páistí, breathnaíonn agus taifeadann Múinteoir Niamh nótaí gearra atá nasctha leis na critéir ratha, lena n-áirítear:

- smaointe a eagrú
- ceannteidil a úsáid
- soiléire an chur in iúl
- úsáid an stóir focal stairiúil
- inniúlacht chun an t-am a caitheadh agus an t-am i láthair a chur i gcomparáid.

Tar éis an taisc, déanann Múinteoir Niamh athbhreithniú ar na tuairiscí agus ar na heagraithe grafacha agus déanann sí taifead ar a machnaimh ina nótaí measúnaithe. Mar shampla, tugann sí faoi deara go bhfuil tuairisc Sofia eagraithe go soiléir agus go n-áirítear sonraí tuairisciúla inti ach go bhfuil comparáid theoranta inti idir an saol mar a bhí agus an saol mar atá. Tugann sí faoi deara freisin nach raibh cuid de na smaointe a áirítear in eagraí grafach Sofia forbartha ina tuairisc scríofa. Ag tarraingt ar an bhfianaise sin, déanann Múinteoir Niamh ceacht leantach a phleanáil chun teacht ar ais chuig teanga chomparáideach agus eiseamláiriú a dhéanamh ar conas is féidir nótaí taighde a fhorbairt i scríbhneoireacht tuairiscí níos mionsonraithe



Spotsolas ar: Úsáid éifeachtach a bhaint as measúnuithe de réir critéir

Tá measúnuithe de réir critéir dírithe ar conas a ailíníonn foghlaim páistí le hionchais nó critéir shoiléire. Is fearr go sainaithníonn an múinteoir na critéir agus, i gcás inar cuí, go forbraítear iad le páistí. Is iondúil go léiríonn siad an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna atá lárnach d'Fhóca(i)s Foghlama.

Go praiticiúil, is éard atá i gceist le measúnú de réir critéir:

- soiléiriú a dhéanamh ar Fhóca(i)s Foghlama agus ar an méid a mheastar go léireoidh páistí
- critéir ratha a fhorbairt a thacaíonn le comhthuiscint ar an bhfoghlaim
- faisnéis mheasúnaithe a bhailiú agus a léirmhíniú ón measúnú
- tátail a bhaint as an bhfianaise agus í a úsáid chun na chéad chéimeanna eile a shainaithint

Chun úsáid éifeachtach a bhaint as measúnuithe de réir critéir, d'fhéadfadh múinteoirí an méid seo a leanas a mheas:

- An bhfuil an measúnú ceangailte go soiléir le Fóca(i)s Foghlama?
- An bhfuil na critéir don mheasúnú seo dírithe ar na gnéithe is suntasaí den fhoghlaim seachas ar gach a bhféadfaí a mheasúnú?
- An bhfuil na critéir soiléir, sainiúil agus intuigthe do pháistí?
- Conas is féidir a chinntiú go mbeidh an measúnú tairbheach agus inrochtana do pháistí?
- Conas a úsáidfear an fhianaise a bhailítear chun bonn eolais a chur faoi aiseolas, tacaíocht agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim?
- Cé na deiseanna a sholáthraítear do pháistí chun machnamh a dhéanamh ar thorthaí an mheasúnaithe?



7. Eiseamláirí de Mheasúnú go Praiticiúil

Leis na heiseamláirí sa chuid seo, léirítear conas a d'fhéadfadh gnéithe difriúla den treoir seo teacht le chéile go praiticiúil ar fud réimse comhthéacsanna. Níl siad beartaithe mar shamhlacha atá le macasamhlú go hiomlán, ná níl siad ina léiriú ar ionchais do gach ceacht nó Eispéireas Foghlama. Déanfaidh múinteoirí cinntí measúnaithe ar bhealaí difriúla, ag brath ar na páistí, ar an gcomhthéacs, ar Fhóca(i)s Foghlama agus ar a mbreithiúnas gairmiúil.

Exemplar A:
Léargas a chothú ar pháistí mar fhoghlaimeoirí ag pointí ar fud na scoilbhliana

Comhthéacs d'Eiseamláir A	
Príomhtheachtaireacht	Tá measúnú ina phróiseas comhtháite leanúnach lena gcothaítear tuiscint dhomhain ar pháistí mar fhoghlaimeoirí le himeacht aimsire.
Múinteoir	Múinteoir Rachel
Comhthéacs ranga	• Bunscoil tuaithe; rang ilghrád (rang a ceathair, a cúig agus a sé) • 28 páiste agus réimse láidreachtaí, spéiseanna agus próifílí foghlama néara-éagsúla acu • Tá tacaíocht bhreise ag teastáil ó pháistí áirithe le teanga, idirghníomhaíocht shóisialta nó féinrialúchán, agus léiríonn páistí eile ardleibhéil de chumas gníomhúcháin agus cruthaitheacht ina gcuid foghlama.

I dtús na bliana: Pointe tosaigh a bhunú [D, I, Co]

I dtús na bliana, díríonn Rachel ar a cuid eolais ar gach páiste a fhorbairt. Tarraingíonn sí ar fhoinsí iomadúla fianaise chun tuiscint tosaigh a chothú ar láidreachtaí, spéiseanna, inspreagthaí agus riachtanais tacaíochta páistí.

Foinse Fianaise	An méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin go praiticiúil
idirphlé leis an múinteoir roimhe seo, le tuismitheoirí, le múinteoirí MOS agus le gairmithe eile	Comhrá gairmiúil chun réamhfhoghlaim, láidreachtaí, spéiseanna, inspreagthaí agus roghanna foghlama páistí a dhéanamh amach.
breathnóireacht agus idirghníomhú luath páistí i ngníomhaíochtaí socraithe síos tosaigh	Cruinniú maidine laethúil, gníomhaíochtaí grúpa comhoibríocha, súgradh agus plé neamhfhoirmiúil.
peirspictíochtaí na bpáistí féin maidir lena gcuid foghlama	Uirlisí féinmhachnaimh m.sh. Gach rud fúmsa (CNOS, Relate), Mo Chuid Smaointe faoin Scoil (NEPS); líníocht, léiriú físiúil agus cláir rogha.
samplaí punainne	Saothar as a bhfuil na páistí bródúil ón mbliain roimhe sin á chomhroinnt agus á phlé acu.

Tábla 16: Fianaise chun tuiscint tosaigh a fhorbairt ar láidreachtaí, inspreagthaí agus riachtanais tacaíochta páistí

Agus úsáid á baint as na foinsí sin, meallann Rachel barúlacha na bpáistí faoin méid as a mbaineann siad sult, faoin méid atá dúshlánach dóibh agus faoin méid a chuidíonn leo a bheith ag foghlaim. Úsáideann Rachel na hidirghníomhaíochtaí sin chun pointí tosaigh foghlama cuí a shainaithint agus chun patrúin luatha a thabhairt faoi deara sa dóigh a mbíonn páistí rannpháirteach, a ndéanann siad cumarsáid agus a bhfreagraíonn siad do dhúshlán.

Ar feadh na bliana

Cultúr d'fhoghlaim chomhroinnte a chruthú [Cu, I]

Cruthaíonn Rachel deiseanna do pháistí go rialta chun a gcuid foghlama a chomhroinnt, chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus chun í a cheiliúradh. Cuidíonn sin leo cultúr seomra ranga a chruthú ina bhfuil an fhoghlaim infheicthe agus ina bhfuil bealaí foghlama difriúla luachmhar.

Modh measúnaithe	An méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin go praiticiúil
Piarmheasúnú	Úsáideann páistí leideanna struchtúrtha chun aiseolas a thabhairt agus a fháil le linn gníomhaíochtaí foghlama. • Aiseolas a thabhairt, áirítear leis seo: "Rud amháin ar éirigh go han-mhaith leis ba ea...", "Taitníonn sé go mór liom an dóigh a..." agus "D'fhéadfadh an méid sin a bheith níos fearr fós dá..." • Aiseolas a fháil, áirítear leis seo: "Conas is féidir liom sin a dhéanamh?" agus "Cad é a chéad rud eile ar a bhféadfainn díriú?"
Tasc a dhearann an múinteoir	Tar éis sraith d'Eispéiris Foghlama lena bhfiosraítear an grianchóras, oibríonn páistí ina mbeirteanna chun taispeántas balla idirghníomhach a chruthú don seomra ranga atá dírithe ar ar fhoghlaim siad.

Tábla 17: Measúnú chun cultúr d'fhoghlaim chomhroinnte a chruthú

Trí Eispéiris Foghlama ionchuimsitheacha [D, I]

Cinntíonn Rachel go mbeidh bealaí iomadúla agus tairbheacha ag páistí chun a gcuid foghlama a thaispeáint, a chur in iúl agus a léiriú tríd an méid seo a leanas:

- caint agus cineálacha eile cumarsáide
- súgradh agus gníomhaíocht phraiticiúil
- léiriú físiúil agus cruthaitheach
- obair chomhoibríoch.

Tríd an gcontanam measúnaithe [Cu, D, Co]

Tarraingíonn Rachel ar réimse cur chuige ar fud an chontanaim measúnaithe chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le himeacht aimsire. Mar shampla:

An Comhthéacs Measúnaithe	An méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin go praiticiúil
Measúnú iomasach	Le linn ceacht Matamaitice ar uillinneacha a thomhas, breathnaíonn Rachel féachaint an bhfuil an scála ceart ar an uillinntomhas á úsáid ag páistí agus iad ag tomhas.
Idirghníomhaíochtaí pleanáilte	Agus úsáid á baint as rúibric atá nasctha le critéir ratha, sainaithníonn páistí na gnéithe d'uillinneacha a thomhas arbh fhéidir gur ghá dóibh oibriú orthu. Úsáideann Rachel an fhaisnéis sin chun an chéad cheacht eile a phleanáil.
Imeachtaí measúnaithe	I ndeireadh an aonaid foghlama, cuireann na páistí tasc gairid a dhearann an múinteoir i gcrích lena dtomhaistear uillinneacha go neamhspleách. Déanann Rachel comhdhálú le páistí faoina gcuid foghlama agus faoi na chéad chéimeanna eile dá gcuid.

Tábla 18: Fianaise ar an bhfoghlaim a bhailiú ar fud an chontanaim measúnaithe

Úsáid a bhaint as léargais chun bonn eolais a chur faoi theagasc freagrúil agus cumas gníomhúcháin múinteoirí agus chun tacú leis sin [Cu, D]

Úsáideann Rachel fianaise ó chomhthéacsanna difriúla chun patrúin a shainaithint, tacaíochtaí a oiriúnú agus na chéad chéimeanna eile a phleanáil.

Cuireann sé sin ar a cumas an méid seo a leanas a dhéanamh:

- patrúin i bhfoghlaim agus i ndul chun cinn a shainaithint
- freagairt do láidreachtaí agus bacainní féideartha
- Eispéiris Foghlama, tacaíochtaí agus leibhéil dúshláin a oiriúnú
- na chéad chéimeanna tairbheacha agus inspreagthacha eile a phleanáil.

Le himeacht aimsire, éiríonn na páistí níos muiníní chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint.



Spotsolas ar: Measúnú a dhéanamh ar an réimse láidreachtaí agus riachtanas sa rang

Oibríonn múinteoirí le grúpaí páistí ag a bhfuil láidreachtaí, riachtanais, spéiseanna agus cúinsí éagsúla. Ar fud an chontanaim measúnaithe, ba cheart faisnéis a ghiniúint agus a bhailiú ar bhealaí atá diongbháilte agus comhréireach dá húsáid bheartaithe, chun cuidiú le múinteoirí cinntí praiticiúla a dhéanamh faoin áit a bhféadfadh an gá is mó a bheith le tacaíocht, dúshlán nó oiriúnú ar fud an ranga ag tráth ar leith.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis sin go praiticiúil:

- an áit a bhféadfadh gá a bheith le tacaíocht, scafláil nó dúshlán breise a shainaithint
- patrúin i rannpháirtíocht, rannpháirteachas agus dul chun cinn a aithint ar fud an ranga
- tacaíochtaí, gnáthaimh, luas nó Eispéiris Foghlama a oiriúnú mar fhreagairt do láidreachtaí agus riachtanais páistí
- tarraingt ar spéiseanna agus inspreagthaí páistí chun tacú le rannpháirtíocht agus dul chun cinn
- tosaíocht a thabhairt don fhaisnéis mheasúnaithe is suntasaí chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile.

Eiseamláir B:
Measúnú ag na céimeanna bunúsacha den fhoghlaim agus den rialú

Comhthéacs d'Eiseamláir B	
Príomhtheachtaireacht	Tosaíonn measúnú ag céimeanna bunúsacha le caidrimh, iontaoibh agus eolas domhain ar gach páiste, agus úsáid á baint as fianaise a bailíodh le himeacht aimsire chun tuiscint a fháil ar ullmhacht chun foghlama, tacú le rannpháirtíocht agus rialú agus na chéad chéimeanna tairbheacha eile a shainaithint.
Múinteoir oideachais speisialta	Pádraig
Comhthéacs an ranga	• Rang de 5 pháiste i Scoil Speisialta le haghaidh míchumas intleachtúil measartha/trom • Glacann páistí páirt, foghlaimíonn siad agus déanann siad cumarsáid ar réimse bealaí, agus cuid acu ag baint úsáid as uirlisí cumarsáide breise • Oibríonn Pádraig go dlúth le páistí, tuismitheoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus leis an bhFoireann Líonra Míchumais Leanaí chun tacú le cuir chuige chomhordaithe maidir le foghlaim agus folláine.

I dtús na bliana: Pointe tosaigh a bhunú [D, I, Co]

Caidrimh a chothú, faisnéis ábhartha a chomhroinnt agus eolas ar pháistí a fhorbairt [D, I, Co]

"Chun tacú go hiomlán le daltaí, caithfimid a bheith eolach orthu agus an áit óna bhfuil siad ag teacht a thuiscint i dtosach.' – CNOS, Relate, lch. 45

Tugann Pádraig tosaíocht do chumarsáid, caidrimh, sábháilteacht agus iontaoibh le timpeallacht an tseomra ranga agus pléann sé leis na páistí le spraíúlacht, glacadh, fiosracht agus ionbhá.

Tuiscint tosaigh a fhorbairt ar gach páiste sa rang

I dtús na bliana, díríonn Pádraig ar a thuiscint ar gach páiste a fhorbairt trí úsáid a bhaint as réimse foinsí fianaise.

Foinse fianaise	An méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin go praiticiúil
Faisnéis ó pháistí	Uirlisí féinmhachnaimh m.sh. Gach rud fúmsa (CNOS, Relate), Mo Chuid Smaointe faoin Scoil (NEPS), iontrálacha punainne agus cláir rogha a thacaíonn le múinteoirí tuiscint a fháil ar láidreachtaí, spéiseanna, inspreagthaí agus roghanna páistí.
Faisnéis ó thuismitheoirí	Comhráite agus faisnéis scríofa m.sh. Aithne a chur orm (CNOS, Relate), pas cumarsáide a insíonn níos mó don mhúinteoir faoin bpáiste, faoi stíleanna agus roghanna cumarsáide.
Faisnéis ó dhaoine fásta a d'oibrigh leis an bpáiste	Comhráite agus tuairiscí gairmiúla a bhaineann le teanga, cumarsáid, rialú agus tacaíochtaí.
Faisnéis ó bhreathnuithe an mhúinteora féin	Spéiseanna, inspreagthaí, roghanna cumarsáide agus caidrimh páistí laistigh de thimpeallacht na scoile a thabhairt faoi deara.

Tábla 19: Fianaise chun tuiscint tosaigh a fhorbairt ar láidreachtaí, inspreagthaí agus riachtanais tacaíochta páistí sna céimeanna bunúsacha den fhoghlaim agus de rialú

Comhroinneann Pádraig faisnéis ábhartha freisin maidir lena chúlra agus lena eispéiris chun cuidiú le ceangal, cur amach agus iontaoibh a chothú.

Samplaí den mheasúnú i rith na bliana ar fud an chontanaim measúnaithe

Trí mheasúnú tacaítear le foghlaim, rannpháirtíocht agus cumarsáid. Cuimhníonn Pádraig ar ullmhacht chun foghlama gach páiste i gcomhréir le treoir bheartais níos leithne maidir le hionchuimsiú, mar shampla, CNOS Relate agus Contanam Tacaíochta NEPS; agus soláthraíonn sé bealaí tairbheacha do pháistí chun tabhairt faoina gcuid foghlama agus chun í a léiriú.

An comhthéacs measúnaithe	An méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin go praiticiúil
Measúnú iomasach	• Breathnuithe neamhphleanáilte ar iompar, foghlaim agus idirghníomhaíochtaí páistí chun a fháil amach cad é a thacaigh le rath ina gcuid foghlama. (Is féidir gur tacaíocht úsáideach atá ann na breathnuithe sin a thabhairt faoi deara chun oibriú i dtreo na spriocanna laistigh den PTD dá gcuid).
Idirghníomhaíochtaí pleanáilte	• Fóca(i)s Foghlama agus critéir ratha a chomhroinnt agus páistí a chur i mbun féinmheasúnú, socrú spriocanna nó machnaimh, a mhéid is féidir, agus úsáid á baint as tacaíochtaí físiúla agus cumarsáid scafláilte chun tacú le rannpháirteachas páistí, mar is cuí • Breathnuithe dírithe ar iompraíochtaí (m.sh. an tréimhse a chaitear ar thasc) nó ar an bhfoghlaim • Seicliostaí nó rúibricí a úsáid chun súil a choinneáil ar iompraíochtaí, foghlaim agus rannpháirteachas • Comhdhálú chun léargais a fháil ar na hiompraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcumarsáid agus ina mbacainní roimh fhoghlaim • Foghlaim agus forbairt a bheith á n-aithint agus á ndearbhú ag múinteoirí agus aiseolas agus atreisiú dearfach a bheith á soláthar acu do pháistí.
Imeachtaí measúnaithe	• Imeachtaí chun féachaint i ndiaidh garspriocanna incriminteacha beaga agus chun iad a thaifeadadh • Measúnuithe caighdeánaithe, mar is infheidhme • Measúnuithe diagnóiseacha.

Tábla 20: Tacú le páistí agus iad ag obair i dtreo na spriocanna atá ina bPlean Tacaíochta Dalta (PTD) ar fud an chontanaim mheasúnaithe

Trí tharraingt ar fhianaise a bailíodh ar fud an chontanaim measúnaithe le himeacht aimsire agus ar fud comhthéacsanna, forbraíonn Pádraig tuiscint athraitheach ar fhoghlaim agus ar fhorbairt gach páiste. Cuidíonn sin leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- láidreachtaí, inspreagthaí agus bealaí cumarsáide roghnaithe a aithint
- tacaíochtaí agus timpeallachtaí a chuireann rannpháirtíocht agus rath chun cinn a shainaithint
- dul chun cinn beag ach inaitheanta a thabhairt chun cinn le himeacht aimsire
- Eispéiris Foghlama agus tacaíochtaí a oiriúnú go freagrúil
- comhoibriú go héifeachtach le tuismitheoirí agus gairmithe seachtracha
- tacú le rannpháirtíocht agus cumas gníomhúcháin páistí i bhfoghlaim.

Le himeacht ama, tacaíonn measúnú le Pádraig cinntí freagrúla a dhéanamh faoi fhoghlaim, teagasc agus tacaíocht ar bhealaí atá tairbheach do gach páiste sa rang.

Eiseamláir C:
Cinnteoireacht mheasúnaithe mar rud atá lárnach don chleachtas: Próisis mheasúnaithe á gcur i ngníomh

Comhthéacs d'Eiseamláir C	
Príomhtheachtaireacht	Baineann luach an mheasúnaithe ní hamháin le faisnéis a thabhairt faoi deara agus a bhailiú, ach baineann sé le conas a léirmhíníonn agus a úsáideann múinteoirí fianaise chun an fhoghlaim a thabhairt chun tosaigh.
Múinteoir	Múinteoir Uí Ruadháin
Comhthéacs an ranga	• Rang ilghráid a haon agus a dó ina bhfuil 26 páiste • Áirítear réimse láidreachtaí agus spéiseanna sa rang. Tá lagú radhairc ar pháiste amháin agus tá inniúlacht sa Bhéarla á forbairt ag beirt pháistí ó chúlra imirceach • Déanann Múinteoir Uí Ruadháin pleanáil le haghaidh leibhéil éagsúla tacaíochta, agus é á chinntiú go mbeidh tascanna inrochtana trí chuir chuige fhísiúla, bhéil agus phraiticiúla, agus éilimh theanga scafláilte go cúramach.
Fóca(i)s Foghlama [Comhthéacs an Churaclaim]	Pleananna fiosrúcháin eolaíochta a neartú, agus béim ar leith á cur ar chéimeanna a sheicheamhú go loighciúil agus ar an méid ba cheart a bheith mar an gcéanna i dtriail chothrom a aithint. [ETIM Céim: 2 Snáithe: Fuinneamh agus Fórsaí]

Tar éis machnamh a dhéanamh ar fhiosrúchán eolaíochta roimhe sin agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhialanna ETIM páistí, tugann Múinteoir Uí Ruadháin faoi deara go dtairbheodh cuid mhór páistí de thacaíocht níos mó maidir le pleananna fiosrúcháin a sheicheamhú agus a struchtúrú. Tá an méid sin soiléir go háirithe do na páistí a fhorbraíonn inniúlacht sa Ghaeilge agus don pháiste ar a bhfuil lagú radhairc agus a thairbhíonn de bhealaí malartacha chun rochtain a fháil ar phleanáil agus chun í a léiriú.

Ag tarraingt ar fhaisnéis mheasúnaithe roimhe sin, cuimhníonn Múinteoir Uí Ruadháin ar an méid seo a leanas:

- Cad é a thugtar le fios leis an bhfianaise sin faoinar féidir le páistí a thuiscint nó a dhéanamh?
- Cé na gnéithe de phleananna fiosrúcháin atá ag forbairt go maith, agus cé na cinn a bhfuil tuilleadh tacaíochta ag teastáil lena n-aghaidh?
- Conas is féidir le páistí a gcuid pleanála a léiriú ar bhealaí difriúla?
- Cé na tacaíochtaí sonracha (m.sh. teicneolaíochtaí físiúla, béil, tadhlacha, digiteacha) a thacóidh le níos mó rannpháirtíochta agus rannpháirteachais?
- Cé na cuir chuige oideolaíochta agus mheasúnaithe a thacaigh le foghlaim go héifeachtach go dtí seo?
- Cad é an chéad rud eile ar cheart tosaíocht a thabhairt dó?

Tacaíonn na húdair mhachnaimh seo le Múinteoir Uí Ruadháin Fóca(i)s Foghlama agus an mheasúnaithe a shoiléiriú:

Pleananna fiosrúcháin eolaíochta a neartú, agus béim ar leith á cur ar chéimeanna a sheicheamhú go loighciúil agus ar an méid ba cheart a bheith mar an gcéanna i dtriail chothrom a aithint.

Rudaí a thabhairt faoi deara agus a bhailiú [D, I, Co]

Oibríonn páistí i ngrúpaí beaga chun fiosrúchán a phleanáil bunaithe ar an gceist "Cén dromchla a chuideoidh leis an gcarr bréige gluaiseacht ar an luas is tapúla?"

Cinneann na páistí iniúchadh a dhéanamh ar an éifeacht atá ag cineálacha difriúla dromchlaí ar ghluaiseacht. De réir mar a théann na páistí i mbun pleanála, déanann Múinteoir Uí Ruadháin fianaise atá ailínithe le Fóca(i)s Foghlama a thabhairt faoi deara agus a bhailiú go hintinneach, agus aird á tabhairt d'aon ghnó ar an méid seo a leanas:

- an dóigh a ndéanann páistí a gcuid smaointe a eagrú agus a sheicheamhú
- an dóigh a sainaithníonn páistí an méid ba cheart a choimeád mar an gcéanna.

Úsáideann sí ceisteanna agus leideanna chun smaointeoireacht a mhealladh agus a leathnú:

- An féidir leat do chéimeanna a thaispeáint in ord?
- Cad é a bheidh uait chun do mhionstaidéar a dhéanamh?
- Má tá an dromchla á athrú agat, cad é ba cheart fanacht mar an gcéanna?

Soláthraíonn sí bealaí iomadúla do pháistí chun a gcuid smaointeoireachta a léiriú agus a chur in iúl tríd an méid seo a leanas:

- plé le piaraí agus pleanáil chomhoibríoch
- pleananna a tharraingt agus a lipéadú
- tacaíochtaí físiúla agus tadhlacha
- smaointe a thaifeadadh agus úsáid á baint as gléasanna digiteacha, i gcás inar cuí.

Léirmhíniú agus freagairt [Cu, D, I]

Faoi mar a thugann na páistí faoi phleanáil, cuimhníonn Múinteoir Uí Ruadháin ar an bhfianaise a bailíodh trí bhreathnóireacht, idirghníomhaíocht agus plé.

Samplaí de fhreagraí na bpáistí	Fianaise ar fhoghlaim
"Ar an gcéad dul síos, cuirimid an rampa ar an mbord, ansin cuirimid an carr ar an rampa agus rollaimid é."	Is féidir le páistí áirithe céimeanna a sheicheamhú go soiléir, agus díríonn páistí eile ar an ngníomhaíocht go príomha.
"Faighimis cuid mhór carranna agus cuirimis ar an mbord agus ar an urlár agus ar an bhféar lasmuigh iad."	Díríonn páistí áirithe ar an ngníomhaíocht go príomha.
"Sílim gur cheart an carr a úsáidimid fanacht mar an gcéanna."	Tá tuiscint ar thástáil chothrom ag teacht chun cinn.
"B'fhéidir gur cheart dúinn carr agus liathróid a úsáid."	Tá tacaíocht bhreise ag teastáil ó pháistí áirithe le tástáil chothrom.

Tábla 21: Freagraí na bpáistí a léirmhíniú

Agus an fhianaise sin á léirmhíniú, cinneann Múinteoir Uí Ruadháin go dtairbheodh na páistí den mhéid seo a leanas:

- eiseamláiriú níos follasaí ar conas plean fiosrúcháin a struchtúrú
- scafláil bhreise chun tacú le tuiscint ar thástáil chothrom.

Leagtar amach na cuir chuige teagaisc fhreagrúil a úsáideann sí i dTábla 22 thíos

Cur chuige teagaisc fhreagrúil	An méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin go praiticiúil
Plean soiléir céim ar chéim a eiseamláiriú agus sampla comhroinnte á úsáid	Amharcíomhánna agus teanga ó bhéal a úsáid chun plean a chomhchruthú leis an rang agus úsáid á baint as teanga sheicheamhaithe agus briathartha gnímh nó briathra sa modh ordaitheach.
Tacaíochtaí físiúla a sholáthar le haghaidh seicheamhú agus taifeadta	Eagraíonn páistí cártaí pictiúr lena léirítear céimeanna den mhionstaidéar.
Triail chothrom a eiseamláiriú	"Ní athraímid ach rud amháin agus coimeádaimid gach rud eile mar an gcéanna, ionas gurb eol dúinn cad é a chruthaigh an toradh".
Plé agus machnamh piaraí a spreagadh	"An bhfuil tú chun aon rud a athrú i do phlean grúpa?"

Tábla 22: Cur chuige teagaisc fhreagrúil go praiticiúil

Faoi mar a dhéanann páistí a gcuid mionstaidéar, leanann Múinteoir Uí Ruadháin de bhreathnóireacht a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- cé chomh héifeachtach a leanann na páistí seicheamh a gcuid pleananna
- conas a chuireann na páistí coincheap na trialach cothroime i bhfeidhm le linn an mhionstaidéir.

Bonn eolais a chur faoi Fhóca(i)s Foghlama [Cu, D]

Ag tarraingt ar phátrúin a breathnaíodh ar fud saothar pleanála agus mionstaidéir páistí, aithníonn sí freisin go dtairbheodh cuid mhór páistí anois de thuilleadh tacaíochta chun a gcuid torthaí a léirmhíniú agus a chur in iúl ar bhealaí tairbheacha.

Tríd sin, cuirtear bonn faoin gcéad Fhócas Foghlama eile agus faoin measúnú: Bainfidh páistí ciall as a gcuid torthaí agus cuirfidh siad ar fhoghlaim siad in iúl.

Eiseamláir D:
Modhanna measúnaithe a úsáid go diongbháilte agus ar bhealaí comhlántacha

Comhthéacs d'Eiseamláir D	
Príomhtheachtaireacht	Faightear léargais mheasúnaithe thairbheacha nuair a úsáideann múinteoirí meascán diongbháilte de mhodhanna chun an fhoghlaim a dhéanamh infheicthe, chun páirt a thabhairt do pháistí i machnamh agus bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna freagrúla eile.
Múinteoir	Alan
Comhthéacs an ranga	• Rang measctha Naíonán Sóisearach agus Sinsearach ina bhfuil 19 bpáiste ag a bhfuil réimse leathan eispéireas, spéiseanna agus céimeanna forbartha • Tá páistí áirithe ag céim níos luaithe d'fhorbairt teanga nó tá níos lú muiníne acu i ngníomhaíochtaí grúpa, agus cuireann páistí eile iad féin in iúl go réidh trí chaint, gluaiseacht agus súgradh samhlaíoch • Aithníonn Alan go léiríonn páistí tuiscint ar bhealaí difriúla agus déanann sé pleanáil sholúbtha agus fhreagrúil, agus é á chinntiú gur féidir le páistí páirt a ghlacadh ar bhealaí neamhiata atá cuí maidir lena gcéim forbartha.
Fóca(i)s Foghlama [Comhthéacs an Churaclaim]	Oiriúnaíonn, comhchruthaíonn agus tobchumann páistí scéalta agus carachtair shimplí agus úsáid á baint as an nguth, as spás agus as teannas, agus feasacht ar ról, carachtar, gluaiseacht agus fuaim á forbairt. [Oideachas Ealaíon: Céim 1 (Drámaíocht)]

An fhoghlaim a dhéanamh infheicthe [Cu, D, I, Co]

I dtús an cheachta, tugann Alan Fócas Foghlama isteach i dteanga atá oiriúnach do pháistí: "Táimid ag foghlaim le húsáid a bhaint as ár gcolainn, as ár nguthanna agus as ár samhlaíocht chun smaointe agus mothúcháin a léiriú."

I dteannta a chéile, comhchruthaíonn an rang critéir ratha shimplí:

- "Is féidir liom mo shamhlaíocht a úsáid agus ligean orm gur duine éigin eile atá ionam"
- "Is féidir liom úsáid a bhaint as mo cholainn chun carachtar a léiriú"
- "Is féidir liom mo ghuth a úsáid chun mothúcháin a chur in iúl."

Léirítear na critéir ratha go físiúil agus tagtar ar ais chucu ar feadh an cheachta. Úsáideann Alan eiseamláiriú, gothaí láimhe agus taispeántais chun tacú le rannpháirtíocht agus tuiscint, go háirithe do pháistí níos óige agus dóibh sin ag a bhfuil inniúlacht teanga á forbairt: "Conas is féidir linn cluasa an mhic tíre a léiriú?" agus "Déanaimis uile fuaim sceimhe/gnúsachtaí muice."

Smaointeoireacht páistí a mhealladh [D, I, Co]

Agus úsáid á baint as Na Trí Mhuicín, scéal a bhfuil cur amach air, fiosraíonn páistí carachtair, mothúcháin agus imeachtaí trí mhím, fráma reoite agus gluaiseacht. Tacaíonn an scéal a bhfuil cur amach air leis na páistí uile a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear iad sin a thairbhíonn d'eispéiris nithiúla agus d'athrá.

Tosaíonn Alan trí chodanna den scéal a athinsint agus iarrann sé ar na páistí freagairt: "Cad é a chéad rud eile a tharlaíonn?" agus "Séidimis agus séidimis agus leagaimis an teach."

Chun téamh suas don ghníomhaíocht drámaíochta, iarrann Alan ar na páistí bogadh timpeall an spáis ag ligean orthu gur ainmhithe difriúla iad, agus fiosrú á dhéanamh ar an dóigh a ngluaiseann agus a bhfuaimníonn gach ceann acu, agus cuireadh á thabhairt do na páistí féin ainmhithe a mholadh. Ansin, treoraíonn Alan na páistí trí mhím insinte de phríomhthráthanna den scéal: "Bhí tuí á bailiú ag na muca chun ballaí an tí a thógáil", "Tá na brící seo an-trom, mar sin, is gá do na muca oibriú le chéile chun iad a ardú" nó "Tá na trí mhuicín tuirseach agus tá tart orthu."

Cruthaíonn na páistí frámaí reoite chun tráthanna tábhachtacha sa scéal a léiriú, amhail:

na muca agus iad i bhfolach laistigh dá dtithe



an mac tíre agus é ag féachaint leis na tithe a leagan



na muca agus iad ag mothú sábháilte sa teach brící sa deireadh



Fíor 6: Tráthanna tábhachtacha sa scéal a bhféadfadh páistí iad a chur le chéile trí phictiúir reoite

Iarrann Alan ar na páistí beocht a chur ina gcuid frámaí reoite agus gluaiseacht agus fuaim á n-úsáid. Úsáideann sé leideanna amhail:

- "Taispeáin dúinn conas a mhothaíonn do mhuc le linn an teach a thógáil"
- "Taispeáin dúinn conas a ghluaiseann an mhuc tríd an bhforaois"
- "Taispeáin dúinn conas a mhothaíonn an mhuc nuair a bhaineann an mac tíre an áit amach."

Trí cheisteanna, breathnóireacht agus idirghníomhaíocht, bailíonn Alan fianaise ar na nithe seo a leanas de chuid na bpáistí:

- a gcumas léiritheacha agus a muinín chun bheith rannpháirteach
- a gcuid samhlaíochta agus cruthaitheachta agus úsáid á baint as guth, fuaim, áit agus spás
- a gcumas chun úsáid a bhaint as a gcolainn chun imeachtaí a léiriú.

Taifeadann sé tráthanna suntasacha trí nótaí breathnaitheacha gearra agus grianghraif chun tacú le machnamh níos déanaí. Déanann Alan cúram de na bealaí difriúla a dhéanann páistí cumarsáid trí chaint, gothaí, gluaiseacht, léiriú agus machnamh agus tacaíonn sé le páistí a bhfuil níos lú muiníne acu rannchuidiú ar bhealaí a oireann dóibh.

Páirt ghníomhach a thabhairt do pháistí i measúnú [Cu, I, Co]

Tar éis na gníomhaíochta, déanann páistí machnamh ar shaothar a chéile, agus freagraíonn siad dó, agus úsáid á baint as grianghraif agus plé comhroinnte trí mhachnamh a dhéanamh ar na híomhánna.

Spreagann Alan machnamh agus ceisteanna á n-úsáid amhail:

- "Cad é do rogha píosa gníomhaíochta san íomhá seo?"
- "Conas a thuigfeadh duine cé atá i gceist leis an mac tíre agus leis an muicín?"
- "Cad é an chéad rud eile ba mhaith leat a thriail?"

Déanann páistí machnamh ar a gcuid foghlama ar bhealaí atá cuí ó thaobh forbartha de tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cur síos a dhéanamh ar a ról nó ar a ngníomhaíochtaí le linn na gníomhaíochta drámaíochta
- leideanna amhairc nó ordóga suas/síos a úsáid chun rannpháirtíocht agus sult a léiriú
- plé a dhéanamh ar na scéalta eile ba mhaith leo a dhrámú amach anseo.

Fianaise a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile [Cu, I, Co]

Rudaí a thabhairt faoi deara agus a bhailiú (Cad é a chonaic nó a chuala sé?)	Léirmhíniú (Cad é a d'fhéadfaí a thabhairt le fios tríd sin faoi fhoghlaim an pháiste?)	Freagairt (Cén fhreagairt, tacaíocht nó chéad chéim eile a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú?)
• breathnuithe ar rannpháirtíocht agus rannpháirteachas • an úsáid chruthaitheach a bhaineann páistí as guth, gluaiseacht agus léiriú • nótaí a bhaineann le comhoibriú, muinín agus úsáid spraíúil samhlaíochta.	• d'úsáid cuid mhór páistí guth agus gluaiseacht go léiritheach chun gníomhaíocht agus carachtar a léiriú • thairbheodh páistí áirithe de thuilleadh tacaíochta chun guth agus gluaiseacht a úsáid go léiritheach • athraíonn leibhéil mhuiníne, agus bíonn drogall ar pháistí áirithe a bheith rannpháirteach i ngrúpaí níos mó, cé go nglacann páistí eile róil cheannaireachta go réidh.	• gníomhaíochtaí drámaíochta téimh suas dírithe chun úsáid gutha agus gluaiseachta a fhorbairt ar bhealach níos léirithí • deiseanna do pháistí chun drámaíocht a fhiosrú i ngrúpaí atá níos lú agus atá tacúil sula gcomhroinntear leis an rang iomlán • úsáid leantach a bhaint as scéalta agus comhthéacsanna súgartha struchtúrtha chun tacú le páistí muinín agus teanga léiritheach a fhorbairt.

Tábla 23: Faisnéis mheasúnaithe a léirmhíniú agus ciall a bhaint aisti go praiticiúil

Trí bhreathnóireacht, idirghníomhaíocht agus machnamh leanúnach, tagann measúnú chun bheith ina chuid chomhtháite d'Eispéireas Foghlama an dráma. Tacaíonn sin le gach páiste a bheith rannpháirteach, a bheith cruthaitheach agus muinín a fhorbairt sa Drámaíocht ag a gcéim forbartha féin.




Spotsolas ar: Faisnéis agus foinsí measúnaithe a thriantánú

Is éard atá i gceist le triantánú faisnéis mheasúnaithe a bhailiú ó réimse foinsí chun fianaise ábhartha ar fhoghlaim, forbairt agus/nó dul chun cinn a shainaithint. Tacaíonn sé le teagasc freagrúil trí chinnteoireacht múinteoirí a neartú, rud a chuireann ar a gcumas na chéad chéimeanna eile a shainaithint agus Eispéiris Foghlama a oiriúnú.

Nuair a ailíníonn fianaise ó fhoinsí difriúla le chéile, is féidir muinín a sholáthar i gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim. I gcás nach n-ailíníonn fianaise, is féidir leis sin a bheith mar spreagadh do mhúinteoirí breathnú ar bhealach níos doimhne ar an gcomhthéacs foghlama, ar an gcur chuige measúnaithe a úsáidtear nó ar na tacaíochtaí agus ar na deiseanna atá ar fáil don pháiste.

Go praiticiúil, ar chuid de na breithnithe le haghaidh múinteoirí tá:

- Tarraingt ar fhoinsí iomadúla d'fhaisnéis mheasúnaithe, lena n-áirítear déantúsáin d'fhoghlaim na bpáistí féin
- Cuimhneamh ar an bhfoghlaim le himeacht aimsire agus ar fud comhthéacsanna, agus patrúin sa dóigh a nglacann páistí páirt, a ndéanann siad dul chun cinn agus a bhfreagraíonn siad d'eispéiris dhifriúla á dtabhairt faoi deara
- Agus úsáid á baint as aimhrialtachtaí i bhfianaise mheasúnaithe mar leid le haghaidh machnaimh (m.sh. cad é a d'fhéadfaí a bheith á rá liom tríd sin faoin tasc foghlama, faoin timpeallacht nó faoin tacaíocht atá á tabhairt don fhoghlaim?)
- Agus úsáid á baint as faisnéis mheasúnaithe thriantánaithe chun bonn eolais a chur faoi chinntí teagaisc freagrúla, lena n-áirítear coigeartuithe ar Eispéiris Foghlama, tacaíochtaí agus ionchais.



Eiseamláir E:
Páistí a chumasú mar fhoghlaimeoirí trí mheasúnú

Comhthéacs d'Eiseamláir E	
Príomhtheachtaireacht	Is féidir le measúnú páistí a chumasú mar fhoghlaimeoirí nuair a thacaítear leo roghanna a dhéanamh, úsáid a bhaint as léirithe ilchineálacha, machnamh a dhéanamh ar fhianaise ar a gcuid foghlama, forbartha agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint.
Múinteoir	Múinteoir Hassan
Comhthéacs an ranga	• Bunscoil uirbeach; rang a trí ina bhfuil 28 páiste ag a bhfuil réimse leathan de láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais foghlama • Léiríonn páistí leibhéil athraitheacha mhuiníne, neamhspleáchais agus ghnóthachtála sa Mhatamaitic, agus tá tacaíocht agus scafláil bhreise ag teastáil ó chuid acu fad a théann cuid eile acu i ngleic le dúshlán agus leathnú gan cheist • Tacaíonn Múinteoir Hassan le páistí páirt a ghlacadh go tairbheach i bhfoghlaim agus measúnú trí idirphlé, comhoibriú, fiosrú, rogha agus léirithe agus cuir chuige ilchineálacha maidir le foghlaim a úsáid.
Fóca(i)s Foghlama [Comhthéacs an Churaclaim]	Codáin choibhéiseacha a iniúchadh, a chur i gcomparáid agus a mhíniú agus úsáid á baint as réimse léirithe, samhlacha agus teanga matamaiticiúla [Matamaitic: Céim 3 – Codáin]

Tacú le páistí tuiscint a fháil orthu féin mar fhoghlaimeoirí [Cu, D, I]

I dtús an cheachta, cuireann Múinteoir Hassan leath amháin agus dhá cheathrú i láthair agus úsáid á baint as samhlacha codáin agus fiafraíonn sí: "Cad é a thugann tú faoi deara?" agus "An dóigh leat go bhfuil na codáin sin coibhéiseach? Cén fáth?

Ar na samplaí de fhreagraí na bpáistí tá:

- "Clúdaíonn siad an méid céanna."
- "Tá níos mó codanna cothroma in dhá cheathrú."
- "Tá siad cothrom."
- "Tá trí shéú cothrom le leath freisin."

Ag tarraingt ar an bplé, comhroinneann Múinteoir Hassan na critéir ratha dá gcuid foghlama inniu.

- Is féidir linn codáin choibhéiseacha a léiriú ar bhealaí difriúla
- Is féidir linn míniú a thabhairt ar an dóigh a dtuigimid go bhfuil codáin coibhéiseach
- Is féidir linn léirithe difriúla a chur i gcomparáid.

Tagtar ar ais chuig na critéir ratha sin ar feadh an cheachta chun tacú leis na páistí a gcuid foghlama a aithint agus a phlé.

Tacú le páistí roghanna a dhéanamh faoi fhoghlaim agus measúnú [Cu, I, Co]

Fiosraíonn páistí codáin choibhéiseacha freisin trí chluichí comhoibríocha agus dúshláin réitigh fadhbanna, rud a thacaíonn le plé, réasúnaíocht agus rannpháirteachas spraíúil le smaointe matamaiticiúla. Déanann siad iniúchadh ar réimse ábhar agus léirithe a sholáthraítear, lena n-áirítear ballaí codáin agus stiallacha codáin; filleadh páipéir; líníochtaí agus léaráidí; uimhirlínte; agus uirlisí digiteacha.

Ar na samplaí de chuir chuige páistí tá:

- comparáid a dhéanamh idir aon leath agus dhá cheathrú agus úsáid á baint as stiallacha codáin
- cruthanna a fhilleadh i gcodanna cothroma
- codáin choibhéiseacha a léiriú ar uimhirlínte
- smaointeoireacht a mhíniú agus úsáid á baint as líníochtaí agus teanga mhatamaiticiúil.

Spreagann Múinteoir Hassan páistí chun machnamh a dhéanamh ar na straitéisí agus na léirithe a roghnaíonn siad.

Ar na samplaí de fhreagraí na bpáistí tá:

- “Chuidigh an balla codáin liom iad a chur i gcomparáid”
- “Chuidigh sé liom a sheiceáil má bhí na codanna cothrom tríd an bpáipéar a fhilleadh”
- “Chuidigh an líníocht liom mo chuid smaointeoireachta a mhíniú”
- “D’athraigh mé mo chuid smaointeoireachta tar éis labhairt le mo chomhpháirtí” .

Pléann páistí freisin bealaí a bhféadfaidís fianaise ar fhoghlaim a choimeád trí ghrianghraif, léaráidí agus dialanna Matamaitice. Tá de rogha ag páistí déantúsáin roghnaithe a chur lena bpunanna.

Tacú le páistí chun an fhoghlaim a aithint agus a phlé [Cu, I, Co]

De réir mar a théann an ceacht ar aghaidh, iarrann Múinteoir Hassan ar na páistí na léirithe a thaispeántar ar fud an tseomra ranga a chur i gcomparáid agus a phlé. Fiafraíonn sí: “Conas is eol duit go bhfuil na codáin seo coibhéiseach?” “Cad é atá ag athrú? Cad é atá ag fanacht mar an gcéanna?”

Déanann páistí machnamh ar a gcuid foghlama agus úsáid á baint as leideanna atá nasctha leis na critéir ratha:

- Léirigh mé codáin choibhéiseacha ar bhealaí difriúla
- Mhínigh mé mo chuid smaointeoireachta
- D’úsáid mé straitéis nua
- Chuir mé mo chuid smaointe i gcomparáid le cinn eile.

Ar na samplaí de fhreagraí na bpáistí tá:

- “An méid céanna atá iontu fiú amháin má tá cuma dhifriúil orthu.”
- “Tá na píosaí níos lú ach tá níos mó acu ann.”
- “D’athraigh an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir araon.”
- “Má mhéadaíonn an dá uimhir faoi dhó, fanann an codán cothrom.”

Trí phlé agus machnamh, forbraíonn na páistí muinín mhéadaitheach i smaointeoireacht mhatamaiticiúil a mhíniú agus i bpatrúin san fhoghlaim a aithint.

Úsáid a bhaint as measúnú chun tacú leis na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim [Cu, D]

Tar éis an cheachta, tugann Múinteoir Hassan faoi deara gur féidir le cuid mhór páistí codáin choibhéiseacha a shainaithint agus úsáid á baint as ábhair nithiúla agus léaráidí, cé go bhfuil tuilleadh tacaíochta ag teastáil ó chuid acu chun míniú a thabhairt ar an bhfáth a bhfuil codáin coibhéiseach agus teanga mhatamaiticiúil á húsáid.

Ag tarraingt ar an bhfianaise sin, déanann sí deiseanna foghlama a bheidh ann amach anseo a phleanáil do pháistí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- coibhéis a mhíniú agus úsáid á baint as stór focal matamaiticiúil
- smaointeoireacht a chosaint agus samhlacha físiúla á n-úsáid
- caidrimh agus patrúin i gcodáin choibhéiseacha a fhiosrú.

Eiseamláir F:
Cuir chuige phraiticiúla agus dhiongbháilte maidir le faisnéis mheasúnaithe a thaifeadadh agus a úsáid ar bhealaí comhoibríocha agus freagrúla

Comhthéacs d'Eiseamláir F	
Príomhtheachtaireacht	Trí thaifeadadh diongbháilte gabhtar fianaise shuntasach lena gcuirtear bonn eolais faoi ullmhú agus teagasc freagrúil, lena dtacaítear le leanúnachas na foghlama agus lena gcumasaítear tacaíocht chomhordaithe.
Múinteoir	Múinteoir Patel
Comhthéacs an ranga	• Múineann Múinteoir Patel rang speisialta do pháistí i rang a haon, a dó agus a trí • Tá réimse de riachtanais néara-éagsúla ag na páistí agus tá siad ag tabhairt faoi Eispéireas Foghlama Folláine atá dírithe ar mhothúcháin a aithint agus a chur in iúl • San Eispéireas Foghlama áirítear amharcíomhánna, cártaí mothúcháin, tacaíochtaí céadfacha agus idirghníomhaíochtaí beirte struchtúrtha
Fóca(i)s Foghlama [Comhthéacs an Churaclaim]	Tá forbairt á déanamh ag páistí ar a gcumas chun an méid seo a leanas a dhéanamh: • mothúcháin iontu féin agus i ndaoine eile a aithint agus a shainaithint • mothúcháin a chur in iúl ar bhealaí atá tairbheach dóibh • páirt a ghlacadh in idirghníomhaíochtaí comhroinnte tacaithe le muinín mhéadaitheach.

Fianaise shuntasach a ghabháil go praiticiúil

Ar feadh an Eispéiris Foghlama, déanann Múinteoir Patel breathnóireacht ar an dóigh a bhfreagraíonn páistí do thacaíochtaí agus deiseanna difriúla le haghaidh cumarsáide. Úsáideann páistí áirithe cártaí físiúla chun mothúcháin a shainaithint, agus déanann páistí eile cumarsáid trí ghléasanna Cumarsáide Breisithí agus Malartaí (CBM), gothaí láimhe, gothaí gnúise, comharthaíocht choirp, gluaiseacht, fuaimeanna nó focail aonair. Tá roinnt páistí neamhlabhartha agus déanann siad cumarsáid ar bhealaí aonair agus ilmhódacha.

Le linn gníomhaíocht bheirte, tugann Múinteoir Patel faoi deara go roghnaíonn páiste amháin cárta mothúcháin go neamhspleách, lena chur in iúl go mothaíonn siad an-chorraithe, agus go n-aistríonn siad chuig spás rialaithe céadfaí gan mórán leideanna a fháil. Tugann sí faoi deara freisin go leanann páiste eile, a sheachnaíonn idirghníomhaíocht piaraí go hiondúil, de bheith i mbun gníomhaíocht sealaíochta ar feadh roinnt nóiméad le tacaíocht ó dhaoine fásta agus rochtain ar chluasáin laghdaithe torainn.

Taifeadadh agus comhroinnt dhiongbháilte

Déanann Múinteoir Patel nóta go hachomair de na tráthanna suntasacha sin tar éis an cheachta, ag díriú ar fhaisnéis a thacóidh le pleanáil agus leanúnachas tacaíochta amach anseo. Taifeadann sí an méid seo a leanas:

- tá páiste amháin ag tosú ar a gcuid riachtanas mothúchánach a chur in iúl go neamhspleách agus tacaíochtaí físiúla á n-úsáid
- tá rannpháirtíocht mhéadaithe á léiriú ag páiste eile in idirghníomhaíocht chomhroinnte nuair atá gníomhaíochtaí intuartha agus nuair atá tacaíochtaí céadfacha ar fáil.

Ní thaifeadann sí gach idirghníomhaíocht, freagra ná tacaíocht a úsáidtear le linn an Eispéiris Foghlama. Le cuid mhór den fhaisnéis mheasúnaithe a bailíodh cuirtear bonn eolais faoina cinntí láithreacha le linn an cheachta, lena n-áirítear an luas a choigeartú, sosanna céadfacha a thairiscint agus tacaíochtaí cumarsáide a oiriúnú mar fhreagairt do riachtanais páistí.

Tar éis an Eispéiris Foghlama

Comhroinneann Múinteoir Patel príomhbhreathnuithe go hachomair le cúntóirí riachtanas speisialta, tuismitheoirí agus gairmithe ábhartha (m.sh. teiripeoir Urlabhra agus Teanga) chun tacú le comhsheasmhacht i gcuir chuige chumarsáide ar feadh an lae scoile agus comhthéacsanna níos leithne. Cuidíonn an fhaisnéis thaifeadta le Múinteoir Patel agus leis an bhfoireann níos leithne tacaíochtaí agus cuir chuige chumarsáide atá ar na cinn is éifeachtaí do pháistí ar leith a shainaithint. In Eispéiris Foghlama ina dhiaidh sin, déanann sí deiseanna breise a phleanáil do pháistí chun mothúcháin a chur in iúl agus úsáid á baint as tacaíochtaí físiúla a bhfuil cur amach orthu, gnáthaimh intuartha agus straitéisí rialaithe céadfaí. Leis an bhfaisnéis tacaítear le leanúnachas freisin sa dóigh a bhfreagraíonn daoine fásta do chumarsáid agus rannpháirtíocht páistí ar fud chomhthéacsanna an tseomra ranga, na scoile agus an bhaile.

Machnamh


Leis an eiseamláir sin, léirítear conas is féidir le measúnú tacú le rannpháirtíocht agus cumarsáid thairbheach ar bhealaí ionchuimsitheacha agus freagrúla. Léiríonn sé conas a úsáideann múinteoirí breithiúnas gairmiúil chun faisnéis shuntasach a thacaíonn le foghlaim páistí a shainaithint agus a thaifeadadh gan doiciméadú fairsing a éileamh. Le himeacht aimsire, rannchuidíonn an fhaisnéis sin le tuiscint níos leithne ar chumarsáid, rannpháirtíocht agus dul chun cinn foghlama páistí sa tsonraíocht Folláine ar fud suíomhanna agus idirghníomhaíochtaí.

8. Breithnithe Scoile Uile

Múnlaítear measúnú ní hamháin le cinntí múinteoirí ar leith, ach le tuiscint, gnáthaimh agus córais chomhroinnte ar fud na scoile. Is féidir le cuir chuige sa scoil uile tacú le comhsheasmhacht, leanúnachas agus idirphlé gairmiúil agus, ag an am céanna, cead a thabhairt do mhúinteoirí freagairt go solúbtha do na páistí agus do chomhthéacsanna ina seomraí ranga.

Cur chuige comhroinnte a fhorbairt maidir le measúnú

Tosaíonn cur chuige comhroinnte le comhthuiscint ar conas a thacaíonn measúnú le foghlaim páistí. Leis na hocht bPrionsabal Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe de chuid Churaclam na Bunscoile, soláthraítear pointe tagartha úsáideach don chomhthuiscint sin. Sa ghrafaic seo a leanas soláthraítear samplaí de conas a rannchuidíonn measúnú leis na Prionsabail a chur i gcrích.



Fíor 7: Ról an mheasúnaithe i gcur i gcrích phrionsabail *Churaclam na Bunscoile*

Forbraíonn gach scoil a cultúr measúnaithe féin trí na cinntí a dhéanann sí faoina bhfuil luachmhar, faoin bhfaisnéis a bhailítear, faoin dóigh a léirmhínítear faisnéis agus faoin dóigh a n-úsáidtear í chun tacú le gach páiste dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama agus forbartha.

Is féidir le scoileanna tacú le cur chuige comhroinnte trí theacht ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

- conas a thacaíonn measúnú le foghlaim, teagasc, dul chun cinn agus ionchuimsiú
- cén fhaisnéis is úsáidí chun foghlaim páistí a thuiscint agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint
- conas a bhailíonn, a léirmhíníonn agus úsáideann múinteoirí fianaise ar fhoghlaim
- conas a dhéanann múinteoirí agus páistí cumarsáid faoi fhoghlaim, faoi dhul chun cinn agus faoi na chéad chéimeanna eile
- an áit a bhfuil comhsheasmhacht tábhachtach ar fud na scoile agus an áit a bhfuil gá le solúbthacht
- conas is féidir am le haghaidh idirphlé gairmiúil a úsáid chun cleachtas a athbhreithniú agus a fheabhsú.

Ní chiallaíonn sin gur cheart do gach múinteoir measúnú a dhéanamh ar an dóigh chéanna. Ina ionad sin, ciallaíonn sin go bhfuil ionchais chomhroinnte, teanga choiteann agus próisis chomhaontaithe ag múinteoirí i gcás ina bhfuil siad cabhrach, fad a choinníonn siad breithiúnas gairmiúil ina seomraí ranga féin.



Treoir Mheasúnaithe do *Churaclam na Bunscoile*



Spotsolas ar: Measúnú agus intleacht shaorga

Trí úsáid eolasach, dhiongbháilte agus eiticiúil a bhaint as Intleacht Shaorga (IS), is féidir deiseanna a chur ar fáil chun tacú le hullmhúchán múinteoirí d'fhoghlaim, teagasc agus measúnú. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí a áireamh, mar shampla, tacú le múinteoirí Fóca(i)s Foghlama agus critéir ratha a shoiléiriú, cuidiú le tuiscint a fháil ar thopaicí nach bhfuil cur amach orthu, smaointe a ghiniúint agus a bheachtú le haghaidh Eispéiris Foghlama agus cuir chuige mheasúnaithe agus bealaí a mholadh chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú nó a léirmhíniú.

Faoi mar atá amhlaidh leis na huirlisí digiteacha uile san oideachas, ba cheart do mhúinteoirí a bheith feasach ar na teorainneacha agus na rioscaí a bhaineann le IS a úsáid san ullmhúchán (m.sh. mífhaisnéis, claontacht, siabhráin, príobháideachas sonraí, cóipcheart, srl.). Sula mbaintear úsáid as uirlisí nó cláir a chuimsíonn IS, ba cheart iad a athbhreithniú do chruinneas, ailíniú leis an gcuraclam, ábharthacht oideolaíochta, agus, an rud is tábhachtaí, sábháilteacht agus iontaofacht. Áirítear leis sin a chinntiú go mbeidh aon cheann de na cuir chuige mheasúnaithe a gineadh le IS bailí, ionchuimsitheach agus ailínithe le Foca(i)s bheartaithe na Foghlama agus go mbeidh siad ina dtaca le fianaise thairbheach ar fhoghlaim agus dul chun cinn páistí.

Ní mór bainistiú sonraí oideachasúla a bheith slán agus ní mór príobháideachas páistí, múinteoirí agus baill de phobal na scoile níos leithne a chosaint tríd sin. Ba cheart a bheith san airdeall go háirithe agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí atá cumasaithe ag IS, lena n-áirítear i ndáil le sonraí oideachasúla a uaslódáil, a chomhroinnt nó a phróiseáil, chun a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais maidir le cosaint sonraí, príobháideachas agus cumhdach páistí. I gcás ina ndéantar cinneadh chun úsáid a bhaint as uirlis lena gcuimsítear IS, is iad na múinteoirí a bhíonn chun tosaigh i gcónaí, lena chinntiú go dtacaíonn an uirlis lena gcinnteoireacht agus lena mbreithiúnas gairmiúil, seachas a bheith á dtreorú. Tá tábhacht ar leith leis sin i gcás ina n-úsáidtear IS chun faisnéis mheasúnaithe a ghiniúint, a anailísiú nó a léirmhíniú.

Is iomaí breithniú tábhachtach atá ann agus úsáid fhéideartha uirlisí IS á fiosrú chun tacú le hullmhúchán múinteoirí d'fhoghlaim, teagasc agus measúnú:

- An gcloíonn an uirlis le polasaithe agus treoirlínte ábhartha na scoile agus an bhfuil sí i gcomhréir le RGCS?
- An dtacóidh an uirlis nó an clár IS go tairbheach le d'ullmhúchán, lena n-áirítear pleanáil mheasúnaithe agus cinnteoireacht?
- An féidir leat aschuir IS a threorú agus a mhúnlú ionas go dtacaíonn siad le do bhreithiúnas gairmiúil, seachas a bheith á gcur ina ionad?
- An bhfuil na haschuir ábhartha agus cuí go comhthéacsúil do shuíomh do scoile?
- An ailíníonn cuir chuige mheasúnaithe mholta le Fóca(i)s Foghlama agus an dtacaíonn siad le páistí a gcuid foghlama a léiriú ar bhealaí tairbheacha?
- Sula mbaintear úsáid as aschur na huirlise, ar sheiceáil tú é le haghaidh cruinnis in aghaidh foinsí eile?

I ngach cás, is é an múinteoir atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar aschur aon cheann de na huirlisí IS a úsáidtear agus as úsáid eolasach, dhiongbháilte agus eiticiúil a chinntiú. Áirítear leis sin a chinntiú go dtacóidh torthaí a bhaineann le measúnú le breithiúnas gairmiúil fónta agus go n-úsáidfear iad chun bonn eolais a chur faoi chinntí faoi fhoghlaim, teagasc agus tacaíocht páistí, seachas mar mhodh chun na nithe sin a chinneadh.

Tá tuilleadh faisnéis athraitheach maidir húsáid IS i scoileanna ar fáil ó Threoir na Roinne Oideachais agus Óige maidir le IS i Scoileanna agus trí thacaíochtaí a sholáthraíonn Oide agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

Tacú le leanúnachas foghlama

Tacaíonn cur chuige sa scoil uile maidir le measúnú le leanúnachas i bhfoghlaim páistí de réir mar a aistríonn siad trasna comhthéacsanna foghlama, tríd an scoil agus trí phríomhphointí aistrithe. Áirítear leis sin aistrithe ó shuíomhanna luath-óige chuig an mbunscoil, idir ranganna agus céimeanna curaclaim, ar fud suíomhanna seomra ranga agus tacaíochta agus ar aghaidh chuig an oideachas iar-bhunscoile.

Cleachtas	Samplaí den mhéid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis seo
Faisnéis riachtanach agus úsáideach a chomhroinnt ag pointí aistrithe	• teacht ar chomhaontú maidir leis an bhfaisnéis bhunriachtanach atá le taifeadadh agus le comhroinnt, maidir leis an duine lenar cheart í a chomhroinnt, maidir leis an uair ba cheart sin a dhéanamh agus leis na cúinsí inar cheart déanamh amhlaidh • úsáid a bhaint as cleachtais aistrithe struchtúrtha, amhail comhráite gairmiúla, cruinnithe deireadh bliana nó aistrithe, próifílí foghlama agus pleananna tacaíochta a chomhroinnt, srl. • plé, i gcás inar cuí, le tuismitheoirí, suíomhanna luath-óige, iar-bhunscoileanna agus gairmithe eile.
Suíomhanna seomra ranga agus tacaíochta a nascadh	• tacú le comhoibriú leanúnach idir múinteoirí ranga, tacaíochta agus gairmithe ábhartha eile • a chinntiú go mbeidh measúnú a ghintear i suíomhanna tacaíochta ina chomhlánú ar mheasúnú seomra ranga, agus go gcuireann sé leo sin • ionchais, cuir chuige agus na chéad chéimeanna eile a choimeád ailínithe ar fud suíomhanna.
Ag cuidiú le páistí a ndul chun cinn a thuiscint	• tacú le páistí naisc a dhéanamh idir an fhoghlaim roimhe sin agus foghlaim nua • a chumasú do pháistí machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint • úsáid a bhaint as cuir chuige amhail punanna, Mo Scéal agus/nó Pas Oideachais chun cuidiú le páistí foghlaim a chomhroinnt agus machnamh a dhéanamh uirthi le himeacht aimsire agus ag príomhphointí aistrithe.

Tábla 24: Tacú le leanúnachas foghlama na bpáistí



Spotsolas ar: Measúnú a threorú i scoileanna

Tá ról lárnach ag ceannairí scoile chun cultúr a mhúnlú ina dtacaíonn measúnú le foghlaim agus forbairt gach páiste. Is éard atá i gceist leis sin a bheith i gceannas ar chuir chuige mheasúnaithe atá treoraithe le Prionsabail na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe agus lena mbaineann ionchais arda do na páistí uile.

Go praiticiúil, is éard atá i gceist le bheith i gceannas ar mheasúnú:

- Cultúr measúnaithe comhroinnte a chur chun cinn, ceann a chuireann luach le foghlaim agus dul chun cinn páistí le himeacht aimsire agus a aithníonn go bhféadfadh cuma dhifriúil a bheith ar an rath do pháistí difriúla
- Muinín a chur i mbreithiúnas gairmiúil múinteoirí agus tacú leis, an t-eolas domhain atá acu ar pháistí, comhthéacs agus foghlaim a aithint agus cuir chuige, atá róshaintreorach nó dírithe ar chomhlíonadh, a sheachaint
- Deiseanna a chruthú le haghaidh cuir chuige mheasúnaithe chomhoibríocha, inar féidir le múinteoirí foghlaim a phlé, léargais a chomhroinnt agus machnamh a dhéanamh le chéile ar dhul chun cinn páistí agus ar na chéad chéimeanna eile
- Tacú le comhoibriú le tuismitheoirí agus gairmithe seachtracha, agus an páiste a choimeád i lár an phlé
- Úsáid a bhaint as foinsí iomadúla d'fhaisnéis mheasúnaithe ar leibhéal na scoile chun machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim páistí, láidreachtaí agus tosaíochtaí a shainaithint agus tacú le feabhsú sa scoil uile le himeacht aimsire.

A bhuí le ceannaireacht éifeachtach ar an measúnú dearbhaítear breithiúnas gairmiúil múinteoirí agus cuirtear ionchuimsiú chun cinn do na páistí uile.

Faisnéis mheasúnaithe a úsáid chun bonn eolais a chur faoi sholáthar tacaíochta ar leibhéal scoile uile

Ar leibhéal scoile uile, aithníonn measúnú ionchuimsitheach láidreachtaí gach páiste mar an bhunchloch chun tacú lena gcuid foghlama, forbartha agus dul chun cinn, agus cuireann sé leis sin. I gcomhréir leis an gContanam Tacaíochta, is féidir le measúnú cuidiú le scoileanna:

- cláir ranga a phleanáil agus a chur chun feidhme agus teagasc, Eispéiris Foghlama agus timpeallachtaí a oiriúnú trí Thacaíocht Seomra Ranga
- tacaíochtaí spriocdhírithe a phleanáil, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú trí Thacaíocht Scoile
- bonn eolais a chur faoi phleanáil shainoiriúnaithe agus, i gcás inar cuí, faoi chomhoibriú seachtrach trí Thacaíocht Scoile Móide
- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil tacaíochtaí ag obair
- tacú le leanúnachas ina n-aistríonn páistí idir leibhéil tacaíochta, ranganna nó suíomhanna
- patrúin a shainaithint a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi mhachnamh agus feabhsú sa scoil uile.

Oibriú le tuismitheoirí agus gairmithe seachtracha

Neartaítear measúnú nuair a bhíonn bealaí soiléire agus comhordaithe ag scoileanna chun oibriú le tuismitheoirí agus gairmithe seachtracha. Tá tábhacht ar leith leis sin i gcás ina bhfuil tacaíocht ag teastáil ó pháistí lasmuigh den seomra ranga.

Tá tuismitheoirí ina gcomhpháirtithe tábhachtacha chun foghlaim a bpáiste a thuiscint agus freagairt di. Rannchuidíonn an aithne atá acu ar an bpáiste leis an bpictiúr measúnaithe ar an iomlán agus is féidir leis sin tacú le cinntí comhroinnte faoi láidreachtaí, riachtanais, na chéad chéimeanna eile agus tacaíochtaí.

Mar aon le bheith ag obair le tuismitheoirí, múinteoirí agus páistí, is féidir le plé a dhéanamh le gairmithe seachtracha (m.sh., teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga, síceolaithe) a bheith ina chuid thábhachtach de thacú le foghlaim, rannpháirtíocht agus muintearas páistí ar scoil.

In amanna, d'fhéadfadh cuspóir an mheasúnaithe don mhúinteoir ranga agus don ghairmí seachtrach a bheith difriúil. Mar shampla, bailíonn an múinteoir ranga faisnéis mheasúnaithe chun bonn eolais a chur faoi theagasc agus faoi na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim don pháiste, agus d'fhéadfadh fócas mheasúnú an ghairmí sheachtraigh a bheith ar dhiagnóis agus soláthar tacaíochtaí breise. Tríd sin, cruthaítear deis chun an páiste a choimeád i gcroílár an phlé agus a chinntiú go n-aithneofar a láidreachtaí agus go leanfaidh na hionchais dá gcuid foghlama de bheith ard.

Go praiticiúil, is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bpáiste a choimeád i gcroílár an chomhoibrithe:

- Faisnéis measúnaithe seomra ranga ábhartha a chomhroinnt ar bhealach gonta agus beacht
- A chinntiú go mbeidh soiléire ann maidir le róil agus freagrachtaí
- Foghlaim, forbairt agus dul chun cinn a choimeád mar an fócas
- Measúnú scoilbhunaithe a cheangal le faisnéis ó ghairmithe seachtracha
- Úsáid a bhaint as cumarsáid shoiléir, mheasúil atá dírithe ar an bpáiste
- Láidreachtaí agus tosaíochtaí a ailíniú chun léiriú a thabhairt ar thuras foghlama an pháiste agus ar an rud is tábhachtaí dá gcuid foghlama agus forbartha.

Cur chuige éifeachtach sa scoile uile a chothú

Is éard atá i gceist le cur chuige éifeachtach sa scoil uile maidir le measúnú a chothú ná comhoibriú leanúnach, machnamh agus oiriúnú le himeacht aimsire. Tá cuir chuige mheasúnaithe ar ardchaighdeán cumasaithe [Cu], diongbháilte [D], ionchuimsitheach [I] agus comhoibríoch [C] agus is den tábhacht go mbeadh na saintréithe sin mar bhonn faoi mheasúnú ar fud na scoile.

Tá an tábla seo a leanas beartaithe chun tacú le scoileanna sa phróiseas seo trí aird a dhíriú ar chleachtais mheasúnaithe agus trí leideanna a sholáthar chun tacú le hidirphlé gairmiúil leanúnach, comhthuiscint agus cuir chuige chomhtháite maidir le measúnú ar fud na scoile. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach go ndíreodh scoileanna ar ghnéithe roghnaithe den chleachtas agus/nó de réimsí curaclaim, agus orthu sin amháin, de réir a gcomhthéacs agus a dtosaíochtaí.

	Agus machnamh á dhéanamh ar an réimse sin:
Tacaíonn comhthuiscint ar mheasúnú le foghlaim agus dul chun cinn ar fud na scoile	• Cé chomh soiléir is féidir linn cuspóir an mheasúnaithe a chur in iúl inár scoil agus cé chomh comhsheasmhach a léirítear sin go praiticiúil? [D, Co] • Cén chomhthuiscint atá againn ar dhul chun cinn ar fud an churaclaim agus conas atá an méid sin infheicthe ar fud na scoile? [D, Co] • Cé chomh comhsheasmhach atá ionchais mheasúnaithe agus cuir chuige ar fud ranganna agus suíomhanna tacaíochta? Cén fhianaise a léiríonn an méid sin dúinn? [D, I, Co]
Le measúnú cuirtear bonn eolais faoi theagasc agus tacaítear le dul chun cinn i bhfoghlaim	• Cé na slite a bhfuil measúnú leabaithe i bhfoghlaim agus teagasc laethúil? [D] • Conas a úsáideann múinteoirí fianaise ar fhoghlaim chun teagasc a oiriúnú, aiseolas a sholáthar agus na chéad chéimeanna tairbheacha eile a shainaithint? [Cu, D] • Cé chomh maith a ailíníonn ár gcuir chuige le Cuspóirí an Mheasúnaithe? Cé na hathruithe a bhféadfadh gá a bheith leo? [I, D]
Téann páistí i mbun a gcuid foghlama a thuiscint agus a chur chun cinn go gníomhach	• Cé na deiseanna a sholáthraítear chun tacú le páistí tuiscint a fháil ar a bhfuil á fhoghlaim acu, ar an bhfáth a bhfuil sé á fhoghlaim acu agus ar a bhfuil i gceist le rath? [Cu, D] • Cé na deiseanna rialta atá acu chun machnamh a dhéanamh go tairbheach ar a gcuid foghlama agus chun í a chomhroinnt? [Cu, D] • Cé na slite a neartaíonn ár gcuir chuige mheasúnaithe muinín, cumas gníomhúcháin agus úinéireacht páistí mar fhoghlaimeoirí? [Cu]
Tacaíonn measúnú le hionchuimsiú agus dul chun cinn do na páistí uile	• Cé chomh héifeachtach a thacaíonn ár gcuir chuige mheasúnaithe leis na páistí uile chun rochtain a fháil ar fhoghlaim, páirt a ghlacadh inti agus í a léiriú ar bhealaí tairbheacha? [D, I] • Cén dóigh a n-úsáidtear faisnéis mheasúnaithe chun soláthar tacaíochta a phleanáil agus a athbhreithniú do pháistí? [D, I, Co] • Conas a chinntímid leanúnachas agus comhthuiscint ar fhoghlaim páistí nuair a aistríonn siad idir múinteoirí, ranganna nó suíomhanna tacaíochta [I, Co]
Tugann múinteoirí faoi idirphlé comhoibríoch chun tacú le cuir chuige mheasúnaithe agus cinnteoireacht	• Conas a fhorbraímid comhthuiscintí ar ionchais agus dul chun cinn foghlama ar fud an churaclaim? [D, Co] • Cé na bealaí a léirmhínímid agus a bpléimid fianaise ar fhoghlaim páistí go comhoibríoch? [D, Co] • Cén tionchar atá ag idirphlé gairmiúil faoi mheasúnú ar ár gcleachtas agus cén dóigh a bhfeabhsaítear torthaí do pháistí a bhuí leis sin? [D, Co]
Tacaíonn faisnéis mheasúnaithe le cumarsáid agus comhpháirtíocht	• Conas a oibrímid i gcomhpháirtíocht le páistí agus tuismitheoirí chun comhthuiscint ar fhoghlaim, dul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile a fhorbairt? [Cu, Co] • Cé chomh héifeachtach a chuirtear faisnéis mheasúnaithe in iúl ionas go mbeidh sí tairbheach agus inrochtana do pháistí, tuismitheoirí agus gairmithe ábhartha? [D, I, Co] • Conas a thacaíonn cumarsáid idir páistí, múinteoirí, tuismitheoirí agus gairmithe eile le cinnteoireacht chomhoibríoch faoi fhoghlaim? [I, Co]

	Agus machnamh á dhéanamh ar an réimse sin:
Tá an cumas comhchoiteann ag múinteoirí agus ceannairí scoile faisnéis mheasúnaithe a léirmhíniú agus a úsáid go comhoibríoch chun tacú le foghlaim agus folláine páistí	• Cén raon d'fhaisnéis mheasúnaithe a dtarraingímid air chun tuiscint níos fearr a fháil faoi fhoghlaim páistí agus cinntí níos fearr a dhéanamh fúithi? [D, I, Co] • Cé chomh muiníneach atá an fhoireann chun faisnéis mheasúnaithe a léirmhíniú, an tráth a bhfuil gá le treoir nó tacaíocht bhreise a shainaithint agus lena thuiscint cé leo ba cheart a bheith ag comhoibriú? [Co] • Cé na struchtúir, na gnáthaimh agus na deiseanna a chuideoidh linn measúnú comhoibríoch éifeachtach a bhunú agus a chothú inár scoil? [Co]
Le measúnú cuirtear bonn eolais faoi phleanáil agus feabhsú scoile	• Conas a úsáidimid faisnéis mheasúnaithe chun sainaithint a thabhairt ar ár láidreachtaí agus ar réimse feabhsaithe, foghlama agus soláthair tacaíochta ar fud na scoile? [D, Co] • Cén bonn eolais a chuireann faisnéis mheasúnaithe faoi thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí feabhsaithe scoile? [D, I] • Conas a dhéanaimid monatóireacht agus meastóireacht ar thionchar na n-athruithe inár gcuir chuige mheasúnaithe le himeacht aimsire? [D, Co]

Tábla 25: Cur chuige sa scoile uile éifeachtach a chothú



Spotsolas ar: Faisnéis mheasúnaithe a ghabháil agus a thaifeadadh

Ní gá an fhaisnéis mheasúnaithe, an bhreathnóireacht ná an idirghníomhaíocht uile a thaifeadadh go foirmiúil. Tá cuid mhór idirghníomhaíochtaí de chineál láithreach agus freagrúil, lena ndéantar faisnéis mheasúnaithe a ghiniúint agus a ghabháil laistigh de dhéantúsáin agus lena dtacaítear le foghlaim agus teagasc san am i láthair, gan taifeadadh foirmiúil a éileamh.

Ba cheart an taifeadadh a dhéantar ar fhaisnéis mheasúnaithe a bheith roghnaitheach, diongbháilte agus comhréireach, ag díriú ar fhaisnéis a thacaíonn go tairbheach le dul chun cinn, leanúnachas, cumarsáid nó cinnteoireacht. Níor cheart dó baint ó rannpháirtíocht thairbheach le páistí, ó theagasc freagrúil ná ó chinnteoireacht ghairmiúil. Ina ionad sin, ba cheart dó rannchuidiú le bonn eolais a chur faoin méid seo a leanas:

- na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim agus teagasc
- leanúnachas ar fud ranganna, múinteoirí agus suíomhanna
- ullmhúchán d'Eispéiris Foghlama agus tacaíochtaí
- tuiscint iomlánaíoch ar láidreachtaí, riachtanais, spéiseanna agus dul chun cinn an pháiste.

Mar a tharraingítear aird air sa cháipéis *Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2026)*, ba cheart doiciméadú taifeadta a bheith "úsáideach, fiúntach agus praiticiúil". Tá breithiúnas gairmiúil lárnach chun a chinneadh cén fhaisnéis mheasúnaithe ba cheart a thaifeadadh. Ar leibhéal na scoile, is féidir le comhráite gairmiúla tacú le forbairt cur chuige inbhuanaithe maidir le faisnéis mheasúnaithe thaifeadta, rud a chinntíonn go mbeidh cleachtais taifeadta diongbháilte agus rud a sheachnaíonn dúbláil neamhriachtanach nó taifeadadh ar mhaithe le comhlíonadh.

Le faisnéis mheasúnaithe thaifeadta atá úsáideach go háirithe chun tacú le leanúnachas, cumarsáid agus cinnteoireacht, is minic a áirítear faisnéis chainníochtúil amhail leibhéil litearthachta/uimhearthachta, scóir trialach caighdeánaithe, torthaí roimh idirghabháil agus ina diaidh agus faisnéis dhiagnóiseach; chomh maith le léargais cháilíochtúla ar láidreachtaí, rannpháirteachas, folláine agus dul chun cinn páistí agus na tacaíochtaí nó na cuir chuige oideolaíochta agus mheasúnaithe is fearr a thacaíonn lena gcuid foghlama.

9. Breac-chuntas ar an Tacar Uirlisí don Mheasúnú Bunscoile

Is é is aidhm don Tacar Uirlisí don Mheasúnú Bunscoile tacú le múinteoirí úsáid a bhaint as measúnú mar chuid lárnach d'fhoghlaim agus teagasc, rud a fheabhsaíonn tuiscint múinteoirí agus Eispéiris Foghlama páistí araon. Is é aidhm d'ábhair thacaíochta do mhúinteoirí cur le litearthacht mheasúnaithe agus tacú le cleachtas. Ar na hábhair sin áirítear treoir maidir le bealaí praiticiúla chun fianaise ar fhoghlaim páistí a mhealladh agus cuir chuige chun aiseolas tairbheach a sholáthar agus páirt a thabhairt do pháistí sa phróiseas measúnaithe.

Sa tacar uirlisí áireofar tacaíochtaí chun breithiúnais a dhéanamh faoi fhoghlaim páistí, agus samplaí anótáilte agus treoir ann chun cuidiú le múinteoirí fianaise a úsáid go muiníneach agus go cuí. Ina theannta sin, áireofar tacaíochtaí chun freagairt don fhoghlaim, lena léireofar conas is féidir faisnéis mheasúnaithe a úsáid chun foghlaim agus teagasc a oiriúnú agus tacú le dul chun cinn.

Agus na slite éagsúla a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí á n-aithint, soláthróidh an tacar uirlisí treoir maidir le cuir chuige mheasúnaithe ionchuimsitheacha agus fhreagrúla, chomh maith le cuir chuige maidir le faisnéis mheasúnaithe a thaifeadadh agus a chur in iúl.

Le samplaí nó fínéid léireofar conas a bhailíonn múinteoirí fianaise i gcomhthéacsanna seomra ranga laethúla, conas a léirmhíníonn siad an fhianaise sin agus conas a úsáideann siad í chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim agus sa teagasc. Leis na samplaí sin tairgfear léargais ar chinnteoireacht múinteoirí agus úsáid breithiúnais ghairmiúil.

Forbrófar inneachar agus comhpháirteanna an tacair uirlisí ar líne le himeacht ama agus forbrófar iad i gcomhar le múinteoirí, agus taighde mar bhonn eolais fúthu agus iad freagrúil do riachtanais éagsúla páistí agus pobal scoile.



Fíor 8: Tacar Uirlisí don Mheasúnú Bunscoile

10. Gluais

Contanam Tacaíochta	Tá an Contanam Tacaíochta ina chreat lena sainaithnítear láidreachtaí agus riachtanais páistí, lena ndéantar monatóireacht ar an dóigh a bhfreagraíonn siad d'idirghabháil, lena n-aithnítear go n-athraíonn riachtanais tacaíochta le himeacht aimsire, lena gcinntítear go sanntar cuidiú go solúbtha agus de réir a chéile ó idirghabhálacha rangbhunaithe go cinn atá níos saincheaptha, trí phróiseas leanúnach a bhaineann le measúnú, pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh.
Critéir ratha	Cruthaíonn an múinteoir agus/nó an páiste critéir ratha agus déantar cur síos leo ar a bhfuil i gceist le rath in Eispéireas Foghlama ar leith. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an bpáiste machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim.
Cumarsáid	Tá an cur chuige cumarsáide iomlán ina straitéis sholúbtha, ionchuimsitheach a úsáideann na modhanna cumarsáide uile atá ar fáil chun cuidiú le daoine aonair iad féin a chur in iúl go héifeachtach.
Cumas gníomhúcháin	Is éard is cumas gníomhúcháin ann an cumas gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh i dtaca le teagasc agus foghlaim.
Dul chun cinn	Le dul chun cinn déantar cur síos ar conas a neartaíonn agus a leathnaíonn foghlaim páistí agus a éiríonn sí níos sofaisticiúla le himeacht aimsire. Tá sé forbarthach agus neamhlíneach, agus páistí ag foghlaim ar rátaí difriúla agus ar bhealaí difriúla.
Eispéireas Foghlama	Cuimsíonn na heispéiris sin an méid a dhéanfaidh na páistí, an méid a mbeidh siad páirteach ann, an taithí a bheidh acu, an méid a chruthóidh siad, srl., agus iad ag obair i dtreo Fhóca(i)s Foghlama.
Faisnéis mheasúnaithe	Le faisnéis mheasúnaithe áirítear an réimse leathan faisnéise a bhailíonn múinteoirí agus páistí, a thugann siad faoi deara, a dhoiciméadaíonn siad agus ar a ndéanann siad machnamh de réir mar a tharlaíonn an fhoghlaim.
Fianaise ar fhoghlaim	Tagraíonn fianaise ar fhoghlaim don fhaisnéis mheasúnaithe a shainaithníonn múinteoirí mar a bheith tairbheach agus ábhartha go háirithe chun ceist a fhreagairt, breithiúnas a dhéanamh nó bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile.
Fóca(i)s Foghlama	Le Fóca(i)s Foghlama áirítear an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus/nó na luachanna a fhoghlaimeoidh nó a fhorbróidh na páistí ina dhiaidh sin. Agus Fóca(i)s Foghlama á s(h)ainaithint, d'fhéadfaí Toradh Foghlama amháin nó gnéithe de níos mó ná Toradh Foghlama amháin a roghnú ó laistigh de shonraíochtaí agus ar fud sonraíochtaí, rud a éascaíonn comhtháthú i gcás inar tairbheach agus inar cuí.
Idirghníomhaíochtaí pleanáilte	Tá idirghníomhaíochtaí pleanáilte níos follasaí ná measúnaithe iomasacha agus d'fhéadfaí iad a thaifeadadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh nó nach mbeadh páistí feasach go bhfuil measúnú á dhéanamh orthu.
Idirphlé	Tuigtear go bhfuil idirphlé ina próiseas cumarsáide comhoibríoch agus measúil a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear nathanna labhartha, scríofa, físiúla, digiteacha agus neamhbhriathartha. Ó thaobh measúnú de, le hidirphlé ionchuimsitheach aithnítear go ndéanann daoine aonair cumarsáid agus go mbíonn siad rannpháirteach ar bhealaí difriúla agus cuireann sí luach le gach cineál léirithe ar bhealach cothrom. Cinntíonn sí go mbeidh deiseanna tairbheacha ag gach páiste chun rannchuidiú, chun go dtuigfear iad agus chun tionchar a imirt ar chomhthuiscint. Is sainghnéithe de idirphlé ionchuimsitheach iad éisteacht ghníomhach, oscailteacht, ionbhá agus tiomantas do rannpháirtíocht, muintearas agus foghlaim fhrithpháirteach.
Imeachtaí Measúnaithe	Tá imeachtaí measúnaithe ina n-imeachtaí leithleacha, infheicthe agus taifeadta. Is iondúil go mbíonn páistí feasach go bhfuil measúnú á dhéanamh orthu.
Machnamh	D'fhéadfaí machnamh páistí a bhreathnú, a léirmhíniú, a chomhchruthú le daoine fásta. I gcás inar cuí, is féidir léirmhíniú ar fhreagraí briathartha agus neamhbhriathartha páistí a bheith i gceist le machnamh tacaithe.

Measúnú de réir an noirm	Le measúnuithe de réir an noirm déantar comparáid idir feidhmíocht páiste agus feidhmíocht grúpa noirm páistí d'aois nó de leibhéal ranga cosúil. Soláthraíonn siad faisnéis faoi fheidhmíocht choibhneasta agus d'fhéadfaidís cuidiú le patrúin i ngnóthachtáil a shainaithint le himeacht aimsire.
Measúnú de réir critéir	Tá measúnuithe de réir critéir dírithe ar conas a ailíníonn foghlaim páistí le hionchais nó critéir shoiléire.
Measúnú diagnóiseach	Tagraíonn measúnú diagnóiseach do chineál measúnaithe a úsáidtear chun an t-eolas, na scileanna, na láidreachtaí, na riachtanais nó na míthuiscintí atá ag foghlaimeoirí roimh an bhfoghlaim nó ina diaidh a shainaithint. Cuidíonn measúnuithe diagnóiseacha le múinteoirí cuir chuige agus tacaíochtaí teagaisc cuí a phleanáil trí fhaisnéis a sholáthar faoin áit a bhfuil foghlaimeoirí ina ndul chun cinn foghlama.
Measúnú iomasach	Tarlaíonn measúnú iomasach go nádúrtha agus ar bhonn leanúnach le linn Eispéiris Foghlama.
Modhanna measúnaithe	Tairgeann modhanna measúnaithe bealaí difriúla chun faisnéis mheasúnaithe a thabhairt faoi deara agus a bhailiú agus chun bonn eolais a chur faoi léirmhíniú agus úsáid na faisnéise sin.
Tacaíocht Scoile	Tagraíonn Tacaíocht Scoile d'idirghabhálacha teagaisc agus foghlama spriocdhírithe a sholáthar do ghrúpaí beaga nó daltaí aonair ag a bhfuil riachtanais oideachais shonracha. Déanann an múinteoir ranga agus an múinteoir oideachais speisialta pleanáil don leibhéal tacaíochta sin agus soláthraíonn siad go comhoibríoch í.
Tacaíocht Scoile Móide	Tagraíonn Tacaíocht Scoile Móide d'idirghabhálacha teagaisc agus foghlama atá thar a bheith saincheaptha, dian agus spriocdhírithe a sholáthar do pháistí a bhfuil a gcuid riachtanas speisialta oideachais fadtéarmach agus de chineál a théann i bhfeidhm go suntasach ar a gcuid foghlama agus rannpháirtíochta ar scoil. Is éard atá i gceist leis an leibhéal tacaíochta sin an múinteoir oideachais speisialta agus, i gcás inar cuí, ionchur ó ghairmithe nó seirbhísí seachtracha ábhartha.
Tacaíocht Seomra Ranga	Tagraíonn Tacaíocht Seomra Ranga d'idirghabhálacha uilíocha, coisctheacha agus réamhghníomhacha do na páistí uile, agus go háirithe dóibh sin ag a bhfuil riachtanais éiritheacha, rud a chomhordaíonn an múinteoir ranga agus a chuirtear i gcrích laistigh den seomra ranga.

Sracfhéachaint ar an MEASÚNÚ

CUSPÓIRÍ

Úsáidtear measúnú chun...



Tacú le foghlaim agus teagasc



Páistí a thuiscint agus a chumasú mar fhoghlaimeoirí



Comhroinnt faisnéise a éascú

SAINTRÉITHE

BÍONN MEASÚNÚ AR ARDCHAIGHDEÁN...




Cumasaithe



Diongbháilte




Ionchuimsitheach



Comhoibríoch

PRÓISIS

Tarlaíonn measúnú nuair a dhéanann múinteoirí agus páistí an méid seo a leanas...



AN CONTANAM MEASÚNAITHE

Tarlaíonn measúnú ar na bealaí seo a leanas...

- MEASÚNÚ IOMASACH
- IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ PLEANÁILTE
- IMEACHTAÍ MEASÚNAITHE

MODHANNA

Áirítear ar na modhanna measúnaithe a úsáidtear...



Comhdhálú



Aiseolas



Breathnóireacht



Piarmheasúnú agus féinmheasúnú



Punanna



Foghlaim bunaithe ar thionscadal



Ceistiúcháin



Rúbraicí, seicliostaí agus critéir ratha chomhroinnte



Trialacha caighdeánaithe



Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment